

Leabhar Leviticuis.

*Tugtar “Leviticus” ar an leabhar so mar tráchtann sé ar oifíciibh, ar sheirbhísibh, ar rítusaibh, ar cheremónaibh, sagart agus levíteach. Tugaid na Éabhraigh “Viacra” air, ón bhfocal lena dtosnaítear é.

Caib. a hAon

Holocaust agus íbirtí loiscithe.

1 Agus do ghlaeigh an Tiarna ar Mhaois agus do labhair sé leis ó thaibearnacal na fianaise agus is ea aduairt: 2 Labhair le claínn Israél agus abair leo: An fear agaibhse do íbreóidh chun an Tiarna íbirt bheithíoch, .i. ag íbirt *victimí* damh agus caorach, 3 más *holocaust*¹ an íbirt agus más den eallach é, íbreóidh sé fireann gan teimheal, ag doras na fianaise, chun an Tiarna ’ dhéanamh ceansa dho, 4 agus cuirfidh sé a lámh ar cheann an *victime*, agus beidh an *victim* taitheamhach agus tairbheach chun a shásaimh. 5 Agus íbreóidh sé an gamhain os cómhair an Tiarna, agus déanfaid na sagairt, clann mhac Aaroin, an fhuil d’ofráil agus í ’ dhortadh mórtámpall ar an altóir atá ar aghaidh dorais an taibearnacail, 6 agus bainfid siad an croiceann den *victim*, agus ansan géarrfaid siad a bhalla ’na spallaíbh. 7 Agus cuirfid siad tine ar an altóir, tar éis cárnáin adhmaid do chur ar dtúis uirthi mar is cóir. 8 Ansan cuirfid siad na spallaí feóla a gearradh, anuas uirthi, mar is cóir, .i. an ceann agus na nithe go léir a bhíonn ceangailte den ae; 9 na hinní, agus na cosa, nite le uisce. Agus dófaidh an sagart iad ’na *holocaust*, agus ’na mbalaith cúmharta don Tiarna.

10 Agus más as na tréadaibh an ofráil, *holocaust* caorach nó gabhar, íbreóidh sé fireann gan teimheal. 11 Agus íbreóidh sé é ag an dtaobh den altóir atá ag féachaint ó thuaidh, os cómhair an Tiarna; ach doirfid clann mhac Aaroin an fhuil ar an altóir mórtámpall. 12 Agus deighilfid siad na halta, an ceann, agus gach a mbíonn ceangailte den ae: agus cuirfid siad anuas iad ar an adhmaid ’na bhfuil an tine le cur faoi. 13 Ach nífid siad le huisce na hinní agus na cosa, agus ofrálfaidh an sagart é go léir agus dófaidh sé é go léir ar an altóir ’na *holocaust* agus ’na bhalaith róchúmharta chun an Tiarna. 14 Ach más d’éanaibh, de thurtairibh nó de cholúraibh óga, a bhíonn an íbirt *holocaust* le déanamh chun an Tiarna, 15 íbreóidh an sagart é ag an altóir. Casfaidh sé siar an muineál, ansan brisfidh sé an áit ’na mbeidh an chneadh, cuirfidh sé an fhuil ag rith síos ar chiúmhaís na haltórach. 16 Ach caithfidh sé eagán na scórnaí agus an clúmh in aice na haltórach ar an dtaobh thoir, san áit ’nar gnáth an luaith do chaitheamh amach. 17 Agus brisfidh sé na sciatháin, agus ní ghearrfaidh sé é ná ní dheighilfidh sé é le sciain, ach é ’ dhó ar an altóir le tine ’ chur fén adhmaid. Is *holocaust* é, agus is balaith cúmharta é don Tiarna.

Caib. a Dó

Ofrálacha an phluir, agus na gcéadtorthaí.

1 Caib. 1. véar. 3. “Holocaust”, .i. íbirt loiscithe ar fad (*olocauston*). Tugtar an ainm sin air toisc go ndóitear an *victim* ar fad le tine, agus go dtugtar mar sin é do Dhia, i dtreó go n-imiann sé, mar adéarfadh duine, ’na ghal ar fad, in onóir agus i nglóire do Dhia, gan aon chuid de bheith fágtha chun úsáide aon duine. Na híbirtí eile sa tSeanaThiomna, íbirtí mar shásamh i bpeacaibh ab ea iad, nó íbirtí chun síochána. Agus na híbirtí chun síochána, is ag gabháil baochais a deintí iad, nó i bhfuirm guí, dhá iarraidh ar Dhia tabharthaistí ’ thabhairt nó grásta ’ thabhairt. I gcás go ndeintí, an uair sin, íbirtí chun Dé ar cheithre híninnibh, ag freagairt do sna cheithre dualgaisibh atá ar an nduine chun Dé, .i. moladh agus glóire agus adhradh ’ thabhairt do Dhia le húmhlaíocht. Ansan baochas do gabháil leis mar gheall ar a thabharthaistibh. Ansan maithiúnachas d’iarraidh air ’nár bpeacaibh. Ansan, an ceathrú íntinn, dhá iarraidh air grásta agus cabhair a thabhairt dúinn ’nár dtrioblóidibh agus ’nár riachtanasaibh. Sa Dlí Nua níl againn ach an t-aon íbirt amháin, .i. fuil agus feoil ár Slánaitheóra Íosa Críost. Ach táid na cheithre íntinní úd san aon íbirt amháin go hiomlán agus go beacht. Agus ba cheart don tsagart agus don phobal an íbirt sin d’ofráil in éineacht ar na cheithre íntinnibh sin.

1 Nuair a dhéanfaidh aon duine ofráil íbirte chun an Tiarna, plúr mín a bheidh san ofráil aige, agus doirtfidh sé ola air agus cuirfidh sé tuis, 2 agus tabharfaidh sé é ag triall ar na sagartaibh, agus triall ar mhacaibh Aaroin; agus tógfaidh duine acu lán glaice den phlúr agus den ola, agus an tuis go léir, agus cuirfidh sé ar an altóir é 'na chuímhneachán, mar bhalaith róchúmhartha don Tiarna, 3 agus fuíollach na híbirte is le Aaron é agus lena mhacaibh, naofa na naofa¹ d'ofrálachaibh an Tiarna.

4 Ach nuair a dh'ofrálfair íbirt a bÁCáladh i mbÁCús: de phlúr, .i. bollóga gan giost agus ola croite orthu, agus abhlainní gan giost úngtha le hola. 5 Más ón oigheann bruite t'ofráil, de phlúr agus ola croite air, agus é gan giost, 6 deighilfir é 'na bhlúiribh beaga agus doirtfir ola air. 7 Más ón róistín t'ofráil, croithfar ola ar an bplúr ar an gcuma gcéanna. 8 Agus nuair a bheidh tú dhá ofráil don Tiarna tabharfair isteach i lámhaibh an tsagairt é, 9 agus nuair a bheidh sé ofrálta aige sin tógfaidh sé cuímhneachán as an íbirt agus dófaidh sé ar an altóir é, chun balaith cúmhartha don Tiarna. 10 Agus pé rud a fágfar is le hAaron agus lena mhacaibh é, naofa na naofa d'ofrálachaibh an Tiarna. 11 Gach ofráil dá ndeintear chun an Tiarna déanfar gan giost é, agus ní dófar aon ghiost ná aon mhil² san íbirt chun an Tiarna. 12 Ní ofrálfair díobh ach na céadtorthaí agus na bronntanaisí, ach ní curfar ar an altóir iad chun balaithe cúmhartha. 13 Pé íbirt d'ofrálfair ní foláir duit í ' leasú le salann³, agus ní thógfair salann connartha do Dhia as t'íbirt. I t'ofrálachaibh go léir ofrálfair salann. 14 Ach má ofrálann tú bronntanas de chéadtorthaibh t'arbhair don Tiarna, de sna diasuibh atá glas fós, triomóir leis an dtine agus brúfair é go mion ar nós mine, agus sin mar ofrálfair do chéadtorthaí don Tiarna, 15 ag dortadh ola air agus ag cur túise, óir is é ofráil an Tiarna é. 16 Agus dófaidh an sagart, mar chuímhneachán ar an mbronntanas, cuid den arbhar mhionaithe agus den ola, agus an tuis go léir.

Caib. a Trí

Ofrálacha chun síochána.

1 Agus más íbirt chun síochána⁴ a ofráil, agus gur den eallach a dh'ofrálfaidh sé, peocu fireann nú baineann, ofrálfaidh sé iad gan teimheal i láthair an Tiarna, 2 agus cuirfidh sé a lámh ar cheann na *victim*, agus básófar an *victim* i bpóirse taibearnacail na fianaise, agus doirtfid maca Aaroin, .i. na sagairt, an fhuil mórhímpall ar an altóir, 3 agus ofrálfaid siad d'íbirt na n-ofrálach síochána, in' ofráil chun an Tiarna, an tsaill a chlúdaíonn na hinní, agus an tsaill go léir atá istigh, 4 an dá dhúán mar aon leis an saill atá ar na maothánaibh, agus brat an ae mar aon leis an dá dhúán bheaga. 5 Agus dófaid siad iad ar an altóir, 'na *holocaust*, ag cur na tine fén adhmaid: mar ofráil balaithe cúmhartha chun an Tiarna.

6 Ach más den tréad an ofráil agus an íbirt ofrála síochána, peocu fireann nú baineann a dh'ofrálann sé, ní foláir é ' bheith gan teimheal. 7 Má ofrálann sé uan i láthair an Tiarna, 8 cuirfidh sé a lámh ar cheann na *victim* agus básófar é i bpóirse thaibearnacail na fianaise, agus doirtfid maca Aaroin an fhuil ar an altóir mórhímpall. 9 Agus ofrálfaid siad, de *victim* na hofrála síochána, in' íbirt chun an Tiarna, an tsaill agus an geadán go léir, 10 mar aon leis na dúánaibh agus leis an saill a chlúdaíonn an bolg agus na beónna agus an dá dhúán bheaga, mar aon leis an saill atá tímpall na maothán, agus

1 Caib. 2. véar. 3. “*Naofa na naofa*”, .i. ana-naofa, toisc é ' bheith tabhartha suas do Dhia, agus curtha i leataoibh, le hórdú Dé, chun úsáide na sagart.

2 Véar. 11. “*Aon ghiost ná aon mhil*”. Ní raibh giost ná mil le bheith in aon íbirt a déanfaí chun Dé: chun a chur in úil dúinn ná chun foláir gach dúbaltacht aigne agus gach pléisiúr collaí do chimeád amach as an onóir a tugtar do Dhia.

3 Véar. 13. “*Salann*”. Ins gach íbirt níorbh fholáir salann d'úsáid. Is samhaltas é ar eagna agus ar chiallmhaireacht, agus gan an dá ní sin ní féidir d'aon rud a dhéanamid bheith taithneamhach i láthair Dé.

4 Caib. 3. véar. 1. “*Íbirt chun síochána*”. Ciallaíonn “*síocháin*”, i gcainnt an scriptiúra, áthas, séan, rath, .i. an uile shaghas beannachta. Dá bhrí sin, d'ofrált íbirtí den tsórd san mar gheall ar bheannachtaibh a fuaradh nú chun tabharthaistí éigin a dh'fháil, agus do tugtí mar ainm orthu “*íbirtí síochána*”. In sna híbirtibh sin do loisctí roinnt éigin den *victim* ar an altóir, agus an chuid ná loisctí d'itheadh na sagairt é, nú na daoine a tugadh leo é chun na híbirte ' dhéanamh.

Leabhar Leviticuis.

brat an ae mar aon leis na dúánaibh beaga. 11 Agus dófaidh an sagart iad ar an altóir mar chothú don tine agus don ofráil chun an Tiarna.

12 Más gabhar an ofráil, agus go n-ofrálann sé don Tiarna é, 13 cuirfidh sé a lámh ar a cheann, agus básóidh sé é i bpóirse thaibearnacail na fianaise, agus doirtfid maca Aaroin an fhuil mórhímpall ar an altóir. 14 Agus tógfaid siad as, mar chothú do thine an Tiarna, an tsaill a chlúdaíonn an bolg, agus a chlúdaíonn na háiteanna beó: 15 an dá dhúán bheaga agus an brat atá orthu atá in aice na maothán agus saill an ae mar aon leis na dúáin bheaga. 16 Agus dófaidh an sagart iad ar an altóir mar chothú don tine agus don bhalaithe róchúmhartha. Leis an dTiarna an tsaill go léir. 17 Fé dhli bhithbhuan, tá coiscithe oraibh agus ar úr sleachtaibh, agus ’núr dtithibh cónaithe go léir, fuil ná saill¹ a dh’ithe in aon chor.

Caib. a Ceathair

Ofrálacha mar gheall ar pheacaibh aineólais.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois, agus is ea aduairt: 2 Abair le claínn Israél: an t-anam a dheineann peaca trí aineólas², agus do dheineann, i dtaobh aon aithne d’aitheantaibh an Tiarna, aon ní a dh’órdaigh sé gan a dhéanamh: 3 má dheineann an sagart atá úngtha peaca, agus go gcuireann sé ’ fhéachaint ar na daoine drochní ’ dhéanamh, ofrálfaidh sé chun an Tiarna gamhain gan teimheal, 4 agus tabharfaidh sé go doras na fianaise é os cómhair an Tiarna agus cuirfidh sé a lámh ar a cheann agus íbreóidh sé chun an Tiarna é. 5 Tógfaidh sé, leis, fuil³ an ghamhna agus béarfaidh sé isteach i dtaibearnacal na fianaise í. 6 Ansan túmfaidh sé a mhéar sa bhfuil agus déanfaidh sé crothadh léi seacht n-uaire, i láthair an tiarna, os cómhair caille an *tsanctuáriuim*; 7 agus cuirfidh sé cuid den fhuil gcéanna ar adharcaibh altórach na túise* is róthaitheamhach leis an dTiarna, ní atá i dtaibearnacal na fianaise. Ansan doirtfidh sé an chuid eile ar fad den fhuil ag cois altórach an *holocauist* atá i bpóirse an taibearnacail. 8 Ansan tógfaidh sé saill an ghamhna, chun ofrála ar son peaca, an tsaill atá ar na hinníbh chómh maith leis an saill atá ar na nithibh go léir istigh, 9 an dá dhúán bheaga, agus an brat atá orthu, atá ag na maothánaibh, agus saill an ae mar aon leis na dúánaibh bheaga, 10 mar a tógtar í den ghamhain a hofráltar chun síochána, agus dófaidh sé iad ar altóir an *holocauist*. 11 Ach an croiceann agus an fheoil go léir, mar aon leis an gceann agus leis na cosaibh agus leis na hinníbh agus leis an ngarr, 12 agus an chuid eile den chorp, béarfaidh sé leis amach iad lasmu’ den longphort, go dtí áit ghlan, mar is gnáth an luaith do chaitheamh amach, agus dófaidh sé iad ar chárnán adhmaid. San áit ’na gcaitear an luaith is ea do dófar iad (nú is ea a dófar iad).

13 Agus má bhíd mórfhobal Israél go léir aineólach agus go ndéanfaid siad, trí aineólas, ní a bheidh i gcoinnibh aithne an Tiarna, 14 agus go dtuigfid siad a bpeaca ’na dhiaidh san, íbreóid siad gamhain mar gheall ar a bpeaca, agus tabharfaid siad go dtí doras an taibearnacail é, 15 agus cuirfid seanóirí an phobail a lámha ar a cheann i láthair an Tiarna, agus íbreófar an gamhain i radharc an Tiarna. 16 Ansan béarfaidh an sagart atá úngtha (cuid) den fhuil isteach i dtaibearnacal na fianaise, 17 agus túmfaidh sé a mhéar inti agus croithfidh sé í seacht n-uaire os cómhair na caille, 18 agus cuirfidh sé ní den fhuil gcéanna ar adharcaibh na haltórach atá os cómhair an Tiarna i dtaibearnacal

1 Véar. 17. “*Saill*”, .i. an tsaill a híbirtí de réir na dlí, ar an altóir. Níl aon trácht ann ar shaill i gcoitine.

2 Caib. 4. véar. 2. “*Aineólas*”. Is peaca aineólas ar ní ’na bhfuil ceangailte orainn eólas a bheidh againn air. Mar gheall ar aineólas peacúil den tsórd san is ea do ceapadh na híbirtí sin atá órdaithe sa chaibideal sin agus sa chaibideal a leanann í.

3 Véar. 5. “*An fhuil*”. Samhaltas an fhuil sin ar fhuil Chríost, an fhuil a doirteadh chun ár bpeacaíne do mhaitheamh, agus gur rug Críost féin isteach í i *sanctuárium* na bhflaitheas.

Leabhar Leviticuis.

na fianaise* : 19 agus bainfidh sé dhe an tsaill go léir agus dófaidh sé í ar an altóir. 20 Déanfaidh sé leis an ngamhain sin mar a dhein sé leis an ngamhain eile, agus déanfaidh an sagart guí orthu agus beidh an Tiarna trócaireach dóibh. 21 Ach béarfaidh sé leis amach an gamhain féin, lasmu' den longphort, agus dófaidh sé é mar a dhóigh sé an gamhain eile, óir is mar gheall ar pheaca an phobail é.

22 Má dheineann priúnsa peaca, agus go ndéanfaidh sé, trí aineólas aon ní de sna nithibh a choisceann dlí an Tiarna, 23 agus 'na dhiaidh san, go dtiocfaidh chuige eólas ar a pheaca, ofrálfraidh sé pocán gabhair gan teimheal in' íbirt chun an Tiarna. 24 Agus cuirfidh sé a lámh ar cheann an phocáin: agus nuair a bheidh sé íbeartha aige san áit 'nar gnáth an *holocaust* do bhású os cómhair an Tiarna, óir is mar gheall ar pheaca é, 25 túmfaidh an sagart a mhéar i bhfuil *victime* an pheaca agus teangmhóidh sé leis adharca altórach an *holocaust*, agus doirtfidh sé an chuid eile den fhuil ag bun na haltórach. 26 Ach dófaidh sé an tsaill ar an altóir nuair is gnáth a dhéanamh le *victimí* íbirte síochána. Agus guífidh an sagart air, mar gheall ar a pheaca, agus maithfar do é.

27 Agus má dheineann éinne de dhaoinibh na tíre peaca trí aineólas le haon ní a dhéanamh de sna nithibh atá coiscithe ag dlí an Tiarna, agus peaca ' dhéanamh, 28 agus go dtiocfaidh chuige eólas ar a pheaca, ofrálfraidh sé gabhar baineann gan teimheal. 29 Agus cuirfidh sé a lámh ar cheann na *victime* atá i dtaobh peaca agus íbreóidh sé í in áit an *holocaust*. 30 Agus tógfaidh an sagart an fhuil lena mhéir agus bainfidh sé le hadharcaibh na haltórach léi agus doirtfidh sé an chuid eile ag bun na haltórach. 31 Ach bainfidh sé dhi an tsaill go léir, mar is gnáth a bhaint de *victimibh* ofrálacha na síochána, agus dófaidh sé í ar an altóir, chun balaithe cúmharta don Tiarna. Agus guífidh sé air agus maithfar do é.

32 Ach más *victim* as an tréad d'ofrálfraidh sé, .i. cáora bhaineann gan teimheal, 33 cuirfidh se a lámh ar a ceann agus íbreó' sé í san áit 'nar gnáth *victimí* na *holocaust* do bhású, 34 agus tógfaidh an sagart cuid den fhuil lena mhéir agus teangmhó' sé le hadharcaibh altórach an *holocaust*, agus doirtfidh an chuid eile ag bun na haltórach. 35 Agus bainfidh sé dhi an tsaill go léir, leis, mar is gnáth a bhaint den reithe a híbirtear chun síochána, agus dófaidh sé í ar an altóir, 'na híbirt loiscithe don Tiarna. Agus guífidh sé air, agus ar a pheaca, agus maithfar do an peaca.

Caib. a Cúig

Íbirtí eile mar gheall ar pheacaibh.

1 Má dheineann duine peaca, agus go n-aireóidh sé guth duine ag dearbhú, agus gur fínné air é, toisc é féin dhá fheiscint, nú run a bheith aige air, mara nochtadh sé é beidh an peaca air. 2 Pé duine a bhaineann le haon rud neamhghlan, rud gur beithíoch a mhairbh é nú go bhfuair sé féin bás, nú aon rud snámhach eile: agus go ndearúdann sé a neamhghlaine, tá sé ciontach agus coir déanta aige. 3 Agus má bhaineann sé le haon neamhghlaine duine, de réir aon neamhghlaine lenar gnáth é ' thruailliú, agus go ndearúdann sé é, agus ansan go gcuímhníonn sé air 'na dhiaidh san, beidh sé ciontach i bpeaca. 4 An té a dhearbhaíonn, agus do abhrann lena bheolaibh* agus do cheanglann an chéanna le dearbhú, agus lena bhriathar, agus ansan do dhearúdann é, agus do thuigeann a pheaca 'na dhiaidh san, 5 deineadh sé aithrí 'na pheaca. 6 Agus ofráladh sé uan baineann as an dtréad, nú gabhar baineann, agus guífidh an sagart air, agus ar son a pheaca. 7 Ach mura féidir do an t-ainmhí d'ofrail, [ofráladh]* sé dhá thurtair nú dhá cholúr óga, chun an Tiarna, ceann acu mar gheall ar pheaca agus an ceann eile 'na *holocaust*. 8 Agus tabharfaidh sé don tsagart iad, agus ofrálfraidh an sagart an chéad cheann mar gheall ar pheaca, agus casfaidh sé a cheann siar chun na sciathán

Leabhar Leviticuis.

mbeag, i dtreó go bhfanfaidh sé ceangailte den mhúineál agus ná bainfar de ar fad é. 9 Agus croithfidh sé cuid den fhuil ar thaobh na haltórach, agus an méid a bheidh fágtha leogfaidh sé dhi sileadh ag bun na haltórach, óir is mar gheall ar pheaca í. 10 Agus dófaidh sé an ceann eile 'na *holocaust*, mar is gnáth a dhéanamh. Agus guífidh an sagart air, agus ar son a pheaca, agus maithfar do é. 11 Agus mura féidir dá láimh dhá thurtair d'ofráil, ná dhá cholúr óga, ofrálfaidh sé, mar gheall ar a pheaca, an deichiú cuid d'*epí* plúir. Ní chuirfidh sé ola air, ná ní chuirfidh sé aon ghiost* air, óir is mar gheall ar pheaca é: 12 agus tabharfaidh sé don tsagart é: agus tógfaidh an sagart lán duirinn de agus dófaidh sé ar an altóir é mar chúimhneachán ar an té a dh'ofráil é, 13 agus guífidh sé air agus déanfaidh sé sásamh. Ach an chuid a fágтар beidh sé aige féin mar thabharthas.

14 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 15 má dheineann aon duine peaca trí dhearúd, .i. má sháraíonn sé na *ceremóinte* in sna nithibh a híbirtear chun an Tiarna, ofrálfaidh sé mar gheall ar a pheaca as an dtréad reithe gan teimheal do féadfí a cheannach ar dhá *shicil*, de réir mheáchaint an *tsanctuáriuim*: 16 agus díolfaidh sé as an ndamáiste a bheidh déanta aige agus an cúigiú cuid sa mbreis, agus tabharfaidh sé don tsagart é, agus guífidh an sagart air agus ofrálfaidh sé an reithe; agus maithfar do é. 17 Má dheineann aon duine peaca trí aineólas agus go ndéanfaidh sé ní de sna nithibh sin atá coiscithe ag dlí an Tiarna, agus, ciontach mar atá sé, go dtuigfidh sé a pheaca, 18 ofrálfaidh sé, as an dtréad, reithe gan teimheal, don tsagart, de réir tómhais agus de réir meas an pheaca, agus guífidh (an sagart) air, toisc gur trí aineólas a dhein sé é, agus maithfar do é, 19 toisc gur trí dhearúd a dhein sé peaca in aghaidh an Tiarna.

Caib. a Sé

Íbirt i dtaobh peacaí in aghaidh cirt. Rialta i dtaobh na n-olocaust, agus i dtaobh na tine bithbhuaine. Íbirtí na sagart, agus na hofrálacha mar gheall ar pheacaíbh.

1 Do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 2 Pé dhuine ' dhéanfaidh peaca agus ' chuirfidh neamhsuím sa Tiarna agus a dh'eiteoidh a chómharsa ar ní a tugadh do le cimeád, ní do fágadh ar iúntaibh aige: nú do bhainfidh rud amach le héigin, nú do dhéanfaidh foiréigin; 3 nú do gheóbhaidh rud ag dul amú agus do shéanfaidh é, agus do dhéanfaidh dearbhú éithigh, leis, nú do dhéanfaidh aon ní eile de sna nithibh iolartha lenar gnáth le daoine peaca ' dhéanamh; 4 nuair a daorfar sa choir é aisiceoidh sé 5 an méid ba mhian leis a bheith aige as an bhfeall, go hiomlán, agus dá éaghmais sin, cúigiú cuid eile don té go mba leis an rud agus dhein sé an éagóir air. 6 'Na theannta san, leis, ofrálfaidh sé, mar gheall ar a pheaca, reithe gan teimheal as an dtréad, agus tabharfaidh sé don tsagart é, de réir mar a tómhaisítear agus mar a meastar an choir: 7 agus guífidh sé air, agus gheóbhaidh sé maithiúnachas ins gach ní gur dhein sé peaca 'na dhéanamh.

8 Agus do labhair an Tiarna le Maois, agus is ea aduairt: 9 Aithin d'Aaron agus dá mhacaibh: Sid í dlí an *holocaust*. Dófar é ar an altóir i gcaitheamh na hoíche go léir go dtí maidean. As an altóir gcéanna a bheidh an tine. 10 Beidh an sagart éidithe sa léine agus an bríste línéadaigh uime, agus tógfaidh sé luaith na coda a bheidh dóite ag an dtine chraosach, agus cuirfidh sé an luaith sin in aice na haltórach. 11 Ansan bainfidh sé dhe an éide atá uime agus cuirfidh sé uime éide eile agus béarfaidh sé leis amach an luaith*, lasmu' den longphort, agus déanfaidh sé í ' dhó 'na ceó in áit ghlan. 12 Agus beidh an tine ar an altóir ag dó i gcónaí, agus cothóidh an sagart í, ag cur adhmaid uirthi gach lá ar maidin, agus ag cur an *holocaust* uirthi. Dófaidh sé saíll na n-ofrálacha síochána. 13 Sin í an tine bhithbhuan¹ ná raghaidh in éag choíche ar an altóir. 14 Sid é dlí na híbirte agus na n-

1 Caib. 6. véar. 13. "*Tine bhithbhuan*". Tine í sin do tháinig ó neamh (*infra* Caib. 9. véar. 24) agus do cimeádadh ag dó ar an altóir í, mar shamhaltas ar an dtine sin, ghrá do Dhia, ba cheart a bheith í gcónaí ar lasadh istigh i gcroí an

Leabhar Leviticuis.

ofralacha dí d'ofrálfaid clann Aaroin i láthair an Tiarna agus os cómhair na haltórach. 15 Tógfaidh an sagart lán glaice de phlúr ar ar croitheadh ola, agus an tuis go léir a curfar ar an bplúr, agus dófaidh sé é ar an altóir mar chuímhneamh ar bhalaith róchúmharta chun an Tiarna. 16 Agus an méid a fágfar den phlúr íosfaid Aaron agus a mhaca é, gan giost, agus in áit naofa cúirte an taibearnacail is ea d'íosfaidh sé é. 17 Is é cúis, áfach, ná curfar giost ann, mar íbirtear cuid de in' íbirt dhóite chun an Tiarna. Beidh sé go rónaofa, mar gur ní é a hofráltar mar gheall ar pheaca agus mar gheall ar chionadh. 18 Ní íosfaid é ach fireanna clainne Aaroin. Beidh sé 'na reacht bhithbhuan 'núr sleachtaibh i dtaobh íbirtí chun an Tiarna. Gach duine a bhainfidh leó san naomhófar é.

19 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 20 Sid í ofráil Aaroin agus a mhac, a dh'ofrálfaid siad i ló a n-úingtha, .i. ofrálfaid siad an deichiú cuid d'*epí* plúir mar íbirt bhithbhuan, a leath ar maidin agus a leath um thráthnóna. 21 Croithfar ola air agus rósfar ar oigheann é, 22 agus an sagart a bheidh, le ceart, i ndiaidh a athar, ofrálfaidh sé te é, 'na bhalaith róchúmharta chun an Tiarna, agus dófar ar fad é ar an altóir. 23 Óir loiscfar le tine gach íbirt is le sagart, agus ní íosfaidh aon duine aon chuid di.

24 Agus do labhair an Tiarna le Maois, agus is ea a duairt: 25 Abair le hAaron agus lena mhacaibh: Sid é dlí *victime* an pheaca. Íbreófar é os cómhair an Tiarna san áit 'na n-íbirtear an *holocaust*. Is rónaofa é. 26 An sagart a íbhreann é íosfaidh sé san áit naofa é, .i. gcúirt an taibearnacail. 27 Pé rud a bhainfidh len' fheoil beidh sé naomhaithe. Má croithtear an fhuil sin ar bhall éadaigh nífar é san áit naofa, 28 agus an t-árthach cré 'na mbeirítear é brisfar é, ach más ártach práis é sciomarfar é agus nífar le huisce é. 29 Íosfaidh gach fireann de chine na sagart den fheoil sin, óir is rónaofa í. 30 Óir ní íosfar* an *victim* a básaítear mar gheall ar pheaca agus do beirtear isteach i dtaibearnacal na fianaise ag déanamh leórgnímh sa *tsanctuárium*, ach dófar le tine é.

Caib. a Seacht

Íbirtí mar gheall ar chiontaibh, agus ag gabháil bhaochais. Ní ceadaítear saill a dh'ithe, ná fuil.

1 Sid í dlí íbirte mar gheall ar chiontaibh¹. Is dlí rónaofa í. 2 Uime sin, san áit 'na n-íbirtear an *holocaust* is ann a básófar an *victim* cionadh. Doirtfar fuil na *victime* sin mórthimpall ar an altóir. 3 Ofrálfaid siad an geadán agus saill na n-inní, 4 an dá dhúán bheaga, agus an tsaill atá in aice na maothán, agus brat an ae mar aon leis an dá dhúán bheaga, 5 agus dófaidh an sagart iad ar an altóir. Is í íbirt dhóite an Tiarna í mar gheall ar chionadh. 6 Íosfaid gach fireann de shliocht na sagart an fheoil sin*, mar is rónaofa í. 7 Mar a deintear íbirt mar gheall ar pheaca is ea a deintear íbirt mar gheall ar chionadh, leis. Beidh an rud céanna 'na dhlí ar an dá íbirt sin. Beidh sé ag dul don tsagart a dheineann an íbirt. 8 An sagart a dh'ofrálann *victim holocaust* is aige a bheidh croiceann na *victime*. 9 Mar* gach íbirt plúir dá ndeintear a bhácáil i mbácús, agus pé ní a róstithear ar róistín, nú ar oigheann, beidh sé ag dul don tsagart a dh'ofrálann é. 10 Peocu ' bhíonn ola croite orthu nú iad tirim beidh oiread díobh ag duine agus a bheidh ag duine eile de mhacaibh Aaroin go léir.

11 Sid é an dlí i dtaobh íbirte ofralacha síochána do hofráltar chun an Tiarna. 12 Más ag gabháil bhaochais a deintear an íbirt ofrálfaid siad bollóga gan giost agus ola croite orthu, agus abhlanna gan giost agus ola orthu, agus plúr mín rósta, agus cístí go mbeidh ola croite orthu agus meascailte iontu: 13 agus, leis, bollóga giostaithe le híbirt an bhaochais, a híbirtear chun ofrála síochána:

Chríostaí.

1 Caib. 7. véar. 1. "*Cionta*". Na cionta go deintí na hofralacha so mar gheall orthu ba lú le rá iad ná na cionta dá ndeintí na hofralacha mar gheall ar pheacaibh.

Leabhar Leviticuis.

14 agus ofrálfar ceann acu chun an Tiarna mar chéadtorthaí, agus beidh sé ag dul don tsagart a dhoirteann fuil na *victime*; 15 agus íosfar an fheoil an lá céanna agus ní fágfar aon chuid di go dtí maidean. 16 Má ofrálfann aon duine íbirt lena thoil féin, nú trí cheangal móide, íosfar é, mar an gcéanna, an lá céanna; agus má fágfar aon chuid de go dtí an lá 'na dhiaidh san, is dleathach é ' dh'ithe. 17 Ach pé ní a gheófar an tríú lá dófar é. 18 Má itheann aon duine feoil *victime* ofrála síochána an tríú lá beidh an íbirt gan toradh, agus ní dhéanfaidh sí aon tairbhe don té a dhein í; ní hea ach pé anam a dhéanfaidh truailliú air féin le bia den tsórd san beidh rud nách ceart déanta aige. 19 An fheoil a theangmhaigh le ní neamhghlan ní íosfar* í, ach í ' dhó le tine. An té atá glan íosfaidh sé í. 20 Má itheann duine neamhghlan aon chuid d'fheoil na hibirte do hibirtithear mar ofráil síochána chun an Tiarna ídeófar é as a dhaoine. 21 Agus an té a theangmhaigh le neamhghlaine duine nú beithígh nú le haon ní a fhéadann truailliú, agus d'íosfaidh aon chuid den tsaghas úd feóla, ídeófar é as a dhaoine.

22 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 23 Abair le claínn Israél. Ní íosfair saill caorach ná saill daimh ná saill gabhair. 24 Beidh agaibh chun úsáidí iolartha saill cuirp a fuair bás uaidh féin, agus saill beithígh gur rug beithíoch eile air. 25 Má itheann éinne an tsaill ba cheart d'ofráil 'na hibirte dhóite chun an Tiarna, ídeófar é as a dhaoine. 26 'Na theannta san, ní íosfair fuil aon chréatúra in aon chor, fuil éanlaithe ná fuil beithíoch. 27 Aon duine d'íosfaidh fuil ídeófar é as a dhaoine.

28 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 29 Labhair le claínn Israél agus abair leo: An té d'ofrálfann *victim* ofrálach síochána chun an Tiarna, ofráladh sé, leis, íbirt, .i. na hofrálacha dí a bhaineann léi. 30 Cimeádfaidh sé 'na lámhaibh saill na *victime* agus an t-ucht, agus tar éis iad araon d'ofráil chun an Tiarna agus do choisreacadh, tabharfaidh sé don tsagart iad, 31 agus dófaidh an sagart an tsaill ar an altóir, ach beidh an t-ucht ag Aaron agus ag á chlaínn. 32 Beidh, leis, guala dheas *victime* na síochána ag an sagart mar chéadtorthaí. 33 An té de mhacaibh Aaroin d'ofrálfann an fhuil agus an tsaill beidh an ghuala dheas aige, leis, mar chuid. 34 Óir, an t-ucht a hárdaitear agus an ghuala a deighiltar táid siad tógtha agamsa ó chlaínn Israél, anuas dá *victimibh* ofrála síochána, agus táid siad tabhartha agam d'Aaron, an sagart, agus dá mhacaibh, le dlí go deó, ó phobal Israél go léir. 35 Sin é úngadh Aaroin agus a mhac, i *gcaeremónaibh* an Tiarna, sa ló 'nar ofráil Maois iad chun go mbeidís ag déanamh gnótha sagartachta; 36 agus na nithe a dh'órdaigh an Tiarna a thabhairt dóibh ó chlaínn [Israél]*, i ngnás bhithbhuan 'na sleachtaibh. 37 Sin é dlí an *holocauist*, agus na hibirte mar gheall ar pheaca, agus mar gheall ar chionadh, agus chun coisreactha, agus do *victimibh* ofrálacha síochána: 38 an dlí a cheap an Tiarna do Mhaois ar chnuc Sinaí, nuair 'órdaigh sé do chlaínn Israél a n-ofrálacha d'ofráil chun an Tiarna in uaigneas Sinaí.

Caib. a hOcht

*Aaron dá choisreacadh ag Maois.**

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 2 Tóg Aaron agus a chann mhac, agus a n-éidí, agus ola úngtha, gamhain do pheaca, agus dhá reithe, agus bascaod aráin gan giost, 3 agus cruinneóir le chéile an pobal go léir chun dorais an taibearnacail. 4 Agus do dhein Maois mar a bhí órdaithe ag an dTiarna. Agus nuair a bhí an pobal go léir i dteannta ' chéile ag doras an taibearnacail, 5 duairt sé: Sid é an focal atá órdaithe ag an dTiarna a dhéanamh. 6 Agus láithreach d'ofráil sé Aaron agus a chlann mhac, agus do nigh sé iad, agus ansan 7 d'éidigh an t-árdshagart leis an léine dhíreach lín agus chuir sé crios air, agus chuir sé uime an léine shailchuach, agus anuas uirthi sin an t-*ephod*, 8 agus do cheangail sé é le crios agus do dhlúthaigh sé ar an *rationale* é, ar a

Leabhar Leviticuis.

raibh Teagasc agus Fírinne. 9 Agus do chuir sé an míocht ar a cheann, agus ar an míocht, os cionn an éadain, an pláta óir a bhí coiscricthe le naomhú, mar a bhí órdaithe ag an Tiarna. 10 Ansan do thóg sé ola an úngtha agus d'úng sé, leis an ola san, an taibearnacal agus a thríoscán go léir, 11 agus nuair a bhí sé tar éis na haltórach do naomhú agus tar éis croite uirthi fó seacht d'úng sé í, agus a hárthaí go léir, agus do naomhaigh sé leis an ola an *labrum* agus a chos. 12 Agus do leog sé an ola ar cheann Aaroin agus d'úng sé é, agus do choisric sé é. 13 Ansan d'ofráil sé a mhaca agus d'éidigh sé iad le léinteacha línéadaigh agus do chríosaigh sé iad le creasaibh agus chuir sé míochta orthu, mar a bhí órdaithe ag an dTiarna. 14 Ansan do ofráil sé an gamhain i dtaobh peaca, agus chuir Aaron agus a chlann mhac a lámha ar a cheann, 15 agus ansan d'íbir sé é: agus thóg sé an fhuil agus thúm sé a mhéar inti agus do bhain sé le hadharcaibh na haltórach mórhímpall; agus nuair a bhí a cúiteamh san déanta agus í naomhaithe, do dhoirt sé an chuid eile den fhuil, ag á bun. 16 Ach an tsaill a bhí ar na hinníbh agus brat an ae agus an dá dhúán agus a saill, do dhóigh sé ar an altóir, 17 agus an gamhain mar aon leis an gcroiceann agus an fheóil agus an garr, do dhóigh sé iad san lasmu' den longphort, mar a bhí órdaithe ag an dTiarna. 18 D'íbir sé, leis, reithe mar *holocaust*, agus nuair a chuir Aaron agus a chlann mhac a lámha ar a cheann, 19 d'íbir sé é agus dhoirt sé an fhuil mórhímpall ar an altóir. 20 Agus do gheárr sé an reithe 'na spallaibh agus do dhóigh sé le tine a cheann agus a alta agus an tsaill, 21 tar éis na n-inní agus na gcós do ní ar dtúis, do dhóigh sé an reithe go léir i dteannta ' chéile ar an altóir, óir ba *holocaust* é, agus balaithe róchúmhartha chun an Tiarna, mar a bhí órdaithe aige dho. 22 Ansan d'ofráil sé an tarna reithe, i gcoisreacadh sagart, agus do chuir Aaron agus a chlann mhac a lámha ar a cheann. 23 Agus d'íbir Maois é agus thóg sé an fhuil, agus do bhain sé le barra cluaise Aaroin agus le hórdóig a lámha deise, agus ar an gcuma gcéanna le hórdóig a choise deise. 24 Ansan d'ofráil sé clann mhac Aaroin, agus do bhain sé le barra cluaise deise gach duine acu agus hórdóig a lámh ndeas agus le hórdógaibh a gcós ndeas le fuil an reithe do híbreadh, ansan do dhoirt sé an chuid eile den fhuil ar an altóir mórhímpall. 25 Ach an tsaill agus an geadán, agus an tsaill go léir a chlúdaíonn na hinní, agus brat an ae, agus an dá dhúán bheaga agus a saill, agus an ghuala dheas, do dheighil sé. 26 Agus do thóg sé, a bascaod aráin gan giost a bhí ar aghaidh na haltórach*, bollóg gan giost agus císte go raibh ola air agus abhlann, agus chuir sé anuas ar an saill iad agus ar an ngualainn ndeis; 27 agus thug sé iad go léir d'Aaron agus dá mhacaibh, agus do thógadar san suas iad os cómhair an Tiarna. 28 Ansan do thóg sé as a lámhaibh arís iad agus do dhóigh sé iad ar altóir an *holocaust*, óir dob í íbirt an choisreacan í, mar bhálaithe chúmhartha íbirte don Tiarna. 29 Agus do thóg sé, mar chuid do féin, ucht reithe an choisreacan, agus d'árdaigh sé é os cómhair an Tiarna, fé mar a bhí órdaithe ag an Tiarna dho. 30 Ansan do thóg sé an úngadh agus an fhuil a bhí ar an altóir, agus do chroith sé ar Aaron agus ar a éide í, agus ar a mhacaibh agus ar a n-éidíbh. 31 Agus nuair a bhíodar naomhaithe aige 'na n-éidíbh thug sé órdú dhóibh agus is ea aduairt: Beirídh an fheóil ag doras an taibearnacail agus ithidh í. Ithidh, leis, an bollóga coisreacan atá sa bascaod, óir d'órdaigh an Tiarna dhómhsa agus duairt sé: Íosfaidh Aaron agus a chlann mhac iad. 32 Agus pé rud a fágfar den fheóil agus de sna bollógaibh dófar le tine é. 33 Agus ní raghaidh sibhse amach doras an taibearnacail go ceann seacht lá, go dtí an lá ar a mbeidh aimsir úr gcoisreacan críochnaithe. Óir is i seacht lá do críochnaítear an coisreacadh, 34 mar atá déanta fén láthair seo, ionas go gcómhlíonfí *ritus* na híbirte. 35 Fanfaidh sibh sa taibearnacal de ló agus d'óiche ag cimeád tráthanna faire an Tiarna, le heagla go bhfaigheadh sibh bás, óir sin mar atá órdaithe dhómhsa.

36 Agus do dhein Aaron agus a chlann mhac na nithe go léir do labhair an Tiarna trí láimh Mhaoise.

Caib. a Naoi

Leabhar Leviticuis.

Aaron ag ofráil íbirte ar a shon féin agus ar son na ndaoine. Tine ag teacht ón dTiarna ar an altóir.

1 Agus nuair a bhí an t-ochtú lá tagaithe do ghlaeigh Maois ar Aaron agus ar a mhacaibh agus ar sheanóiríbh Israél agus duairt sé le hAaron: 2 Tóg as an dtréad gamhain do pheaca agus reithe chun *holocauist*, iad araon gan teimheal, agus ofráil iad os cómhair an Tiarna. 3 Agus déarfair le cláinn Israél: Tógaidhse pocán do pheaca, agus gamhain agus uan, iad araon bliain d'aois agus gan teimhal, chun *holocauist*, 4 agus, leis, bullán agus reithe chun ofrálach síochána, agus íbridh iad os cómhair an Tiarna, agus ofrálaidh chun íbirte gach aon díobh plúr agus ola croite air, óir taispeánfaidh an Tiarna é féin inniu díbh.

5 Thugadar leó, dá bhrí sin, na nithe go léir a bhí órdaithe ag Maois, ar aghaidh dorais an taibearnacail, agus nuair a bhí an tslua go léir 'na seasamh ar an áit sin 6 duairt Maois: Sid é an focal atá órdaithe ag an dTiarna: Deinidh é agus taispeánfaidh an Tiarna* é féin díbh. 7 Agus duairt sé le hAaron: Tar chun na haltórach agus ofráil íbirt mar gheall ar do pheaca féin agus ofrail an *holocaust*, agus guigh ort féin agus ar na daoine, agus nuair ' bheidh *victim* na ndaoine básaithe agat guigh orthu, mar atá órdaithe ag an dTiarna. 8 Agus do tháinig Aaron láithreach chun na haltórach agus d'íbir sé an gamhain mar gheall ar a pheaca féin: 9 agus thug a mhaca chuige fuil an ghamhna agus thúm sé a mhéar inti agus bhain sé le hadharcaibh na haltórach agus do dhoirt sé an chuid eile dhi ag bun na haltórach, 10 agus do dhóigh sé ar an altóir, mar a bhí órdaithe ag an dTiarna do Mhaois, an tsaíll agus na dúáin bheaga agus brat an ae, atá do pheaca. 11 Ach do dhóigh sé le tine, lasmu' den longphort, na seithí agus an fheoil. 12 D'íbir sé, leis, *victim* an *holocauist*: agus thug a chlann mhac an fhuil chuige agus do dhoirt sé í ar an altóir mórhímpall. 13 Agus do gearradh na *victimí** 'na spallaibh agus thugadar chuige an ceann agus na baill go léir agus do dhóigh sé iad go léir le tine ar an altóir, 14 tar éis na n-inní gus na gcos do ní ar dtúis le huisce. 15 Ansan, ag ofráil mar gheall ar pheaca na ndaoine, do bhásaigh sé an gabhar agus tar éis cúitimh a dhéanamh don altóir 16 d'ofrail sé an *holocaust*, 17 agus dhein sé* na hofrálacha dí a deintear mar an gcéanna, agus do dhóigh sé ar an altóir iad, in éaghmais na *gceremón* a bhaineann le *holocaust* na maidine. 18 D'íbir sé, leis, an bullán agus an reithe, ofrálacha síochána na ndaoine: agus thug a chlann mhac an fhuil chuige agus dhoirt sé í ar an altóir mórhímpall. 19 Agus saíll an bhulláin, leis, agus geadán an reithe, agus an dá dhúán bheaga agus a saíll, agus brat an ae, 20 chuireadar ar na huchtaibh iad san. Agus nuair a bhí an tsaíll dóite ar an altóir 21 do dheighil Aaron na huchta agus na guaille deasa agus thóg sé suas iad os cómhair an Tiarna mar a bhí órdaithe ag Maois, 22 agus do shín sé a lámh amach chun na ndaoine agus bheannaigh sé iad; agus ansan, nuair a bhí na *victimí* do pheaca agus na *holocauist* agus na hofrálacha síochána críochnaithe tháinig sé anuas. 23 Agus chuaigh Maois agus Aaron isteach i dtaibearnacal na fianaise, agus 'na dhiaidh san thánadar amach agus chuireadar beannacht ar an bpobal. Agus do taispeánadh glóire an Tiarna don phobal go léir. 24 Agus féach, tháinig tine amach ón dTiarna agus do dhóigh sí an *holocaust* agus an tsaíll a bhí ar an altóir, agus nuair a chonaic an pobal an ní sin do chaitheadar iad féin ar a n-aghaidh ar an dtalamh ag moladh an Tiarna.

Caib. a Deich

Conas mar a loisceadh le tine Nadab agus Abiu mar gheall ar thine iasachta d'ofráil. Coisctear ar shagartaibh fion d'ól nuair ' bhíd siad ag dul isteach sa taibearnacal. An dlí i dtaobh na nithe naofa d'ithe.

Leabhar Leviticuis.

1 Agus do thóg Nadab agus Abiu, beirt de mhacaibh Aaroin, a dtúiseóirí agus chuireadar tine iontu, agus túis anuas ar an dtine, agus d'ofráladar os cómhair an Tiarna tine iasachta, ní nár órdaíodh* dóibh a dhéanamh. 2 Agus tháinig tine amach ón dTiarna agus do ídigh sí iad agus fuaradar bás os cómhair an Tiarna. 3 Agus duairt Maois le hAaron: Sin é an ní do labhair an Tiarna: Naomhófar me in sna daoine a thioctaidh i ngar dom agus glóireófar me i radharc na ndaoine go léir. Agus nuair ' airigh Aaron an chainnt sin níor labhair sé. 4 Agus do ghláigh Maois ar Mhisael agus ar Elisaphan, beirt mhac d'Osiel, úncail Aaroin, agus duairt sé leo: Imídh agus tógaidh libh úr mbráithre ó aghaidh an *tsanctúariim*, agus beiridh amach as an longphort iad. 5 Agus d'imíodar san agus do thógadar, mar a bhíodar 'na luí éidithe in sna léinteachaibh línéadaigh, agus do chaitheadar amach iad mar a bhí órdaithe dhóibh. 6 Agus duairt Maois le hAaron, agus le hElíasar agus le hItamar, a bheirt mhac: Ná nochtaidh úr gcínn agus ná stracaidh úr n-éadaí le heagla go mb'fhéidir go bhfaigheadh sibh bás, agus go n-éireódh fearg in aghaidh an phobail go léir. Deineadh úr mbráithre agus clann Israél go léir caí mar gheall ar an loscadh atá déanta ag an dTiarna, 7 ach ní raghaidh sibhse amach doras an taibearnacail, nú gheóbhaidh [sibh]* bás mar tá ola an úngtha naofa oraibh, agus dheineadar gach ní de réir mar a dh'órdaigh Maois.

8 Duairt an Tiarna, leis, le hAaron: 9 Ní ólfair fíon ná aon ní a dhéanfadh meisce, tusa ná do chlann mhac, nuair a bheidh sibh ag dul isteach i dtuibearnacal na fianaise, le heagla go bhfaigheadh sibh bás, óir is dlí shíoraí é trínúr sleachtaibh: 10 agus i dtreo go mbeidh eólas agaibh chun naofa agus neamhnaofa, agus glan agus neamhghlan, do eidiraithe: 11 agus go múinfidh sibh do chlaínn Israél mo reachta go léir, na reachta atá labhartha ag an dTiarna trí láimh Mhaoise. 12 Agus do labair Maois le hAaron, agus le hElesar agus le hItamar, a bheirt mhac a bhí fágtha: Tógaidh an íbirt atá fágtha d'ofráil an Tiarna agus ithidh é gan gíost in aice na haltórach, óir is rónaofa é, 13 agus íosfaidh sibh é in áit naofa, ní atá tabhartha dhuitse agus dod mhacaibh*, mar a hórdaíodh dhómhsa é. 14 An t-ucht, leis, atá ofrálta agus an ghuala atá deighilte, íosfaidh sibh iad in áit ana-ghlan, tusa agus do chlann mhac agus do chlann iníon mar aon leat. Óir táid siad curtha i leataoibh duitse agus dod chlaínn, as *victimibh* agus as ofrálachaibh* síochána clainne Israél: 15 óir do thógadar suas os cómhair an Tiarna an ghuala agus an t-ucht agus an tsaill a dóitear ar an altóir, agus is leatsa agus led mhacaibh iad fé dhlí bhithbhuan, mar atá órdaithe ag an dTiarna.

16 An fhaid a bhí na nithe sin dá ndéanamh, nuair a chuardaigh Maois an pocán gabhair do hofráladh mar gheall ar pheaca, do fuair sé é dóite, agus bhí fearg air chun Eleasair agus chun Itamair, an bheirt mhac le hAaron a bhí fágtha, agus duairt sé: 17 Cad 'na thaobh nár itheabhair san áit naofa an íbirt mar gheall ar pheaca? Is ní rónaofa é, agus tá sé tabhartha dhíbhse ionas go iompródh sibh peacaí na ndaoine agus go nguífadh sibh orthu i radharc an Tiarna, 18 go mór mór ó nár rugadh aon chuid dá fhuil laistigh de sna háiteannaibh beannaithe, agus go raibh sé ceart agaibh é ' dh'ithe sa *tsanctúarium* mar a bhí órdaithe dhómhsa? 19 D'fhreagair Aaron: Do hofráladh an lá so an *victim* mar gheall ar pheaca, agus an *holocaust* os cómhair an Tiarna: agus do thárla dhómhsa an ní a chionn tú: Conas ' fhéadfainnsé í ' dh'ithe, ná bheith taitheamhach don Tiarna in sna *ceremónaihbh*, agus mo chroí buartha? 20 Nuair ' airigh Maois an chainnt sin bhí sé sásta.

Caib. a hAondéag

An deifríocht idir ainmhithibh glana agus ainmhithibh neamhghlana.

Leabhar Leviticuis.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus le hAaron, agus is ea aduairt: 2 Abraidh le claínn Israél: Sid iad na hainmhithibh a dh'íosfaidh sibh¹, d'ainmhithibh beó an domhain go léir. 3 Gach ní ag á bhfuil an chrúb deighilte agus do chognann an chíre² i measc ainmhithe, íosfaidh sibh é; 4 ach an ní do chognann an chíre ach ná fuil an chrúb deighilte aige ar nós an chamaill agus tuilleadh, ní íosfair iad, ach áireóir i measc na neamhghlan é. 5 An *cherogrillus*³ a chognann an chíre ach ná fuil an chrúb deighilte aige, is neamhghlan é, 6 an giorrae, leis: óir cognann sé sin, leis, an chíre agus níl an chrúb deighilte aige. 7 Agus an mhuc, go bhfuil an chrúb deighilte aici ach ná cognann an chíre. 8 A bhfeóil sin ní íosfair, ná ní bhainfir lena gcnublachaibh, óir is neamhghlan duitse iad.

9 Sid iad na nithe do shíolrann in sna huisceachaibh agus gur dleathach iad d'ithe. Gach ní ar a bhfuilid eiteacha agus gainní in sna haibhníbh, chómh maith le sa bhfarraige, íosfaidh sibh iad. 10 Ach aon rud ná fuil eiteacha agus gainní air, de sna nithibh a chorráonn agus a mhaireann in sna huisceachaibh, beid siad 'na ngráin agaibh 11 agus 'na ndéistin. Ní íosfaidh sibh a bhfeóil agus seachnóidh sibh a gcnublacha. 12 Gach ní ná fuil eiteacha agus gainní air, in sna huisceachaibh, beidh sé neamhghlan. 13 I measc éanlaithe sid iad a chaithfidh sibh gan a dh'ithe, agus nách foláir díbh iad do sheachnadh, .i. an fiolar, an préachán ceannann, an ghríobh⁴, 14 préachán na gcearc, agus an bhadhb, de réir a gcinéil, 15 agus gach ní de chinéil na féiche 'na dheallramh. 16 An struth agus an ceann cait agus an larus agus an seabhac de réir a chinéil, 17 an tulchabhacán agus an fiach farraige agus an *t-ibis*, 18 an eala agus an chorrghrian agus an *porphirion*, 19 an chorr ghlas agus an *charadrion* de réir a chinéil, an *epops* agus an sciathán leathair. 20 De sna nithibh a sceinneann aon rud a gluaiseann ar cheithre cosaibh beidh sé 'na ghráin díbh. 21 Ach aon rud a ghluaiseann ar cheithre cosaibh agus go mbíd na cosa deiridh níos sia ná na cosa tosaigh, agus mbíonn sé ag léimrigh ar an dtalamh, 22 íosfaidh sibh é sin, .i. an *brúchus* 'na chinéil, agus an *t-attacus*, agus an *t-ophiomachus*, agus an lócast, gach ceann acu de réir a chinéil. 23 Ach de nithibh a sceinneann, aon rud ná fuil aige ach cheithre cosa beidh gráin agaibh air. 24 Agus aon duine do theangóidh lena gcnublachaibh beidh sé neamhghlan go tráthnóna. 25 Agus má bhíonn ' fhéachaint air aon ní de sna nithibh sin d'iompar*, caithfidh sé a chuid éadaigh do ní agus beidh sé neamhghlan go dtí dul gréine fé.

26 Gach beithíodh ag á bhfuil crúb agus ná deighleann an chrúb, agus ná cognann an chíre, beidh sé neamhghlan.* 27 An ní a shiúlann ar chrobhannaibh, den uile ainmhí* beidh sé neamhghlan. An té a theangóidh lena gcnublachaibh beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 28 Agus an té a dh'iompróidh cnuhlacha den tsórd san caithfidh sé a chuid éadaigh do ní agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. Óir táid na nithe sin go léir neamhghlan díbhse. 29 Áireófar na nithe seo, leis, i

- 1 Caib. 11. véar. 2. “*Na hainmhithe a dh'íosfaidh sibh*”. Do hórdaíodh an cosc san ar oiread san aicmeacha beithíoch agus éanlaithe agus éisc, ar dtúis, chun na ndaoine do chur i dtaithí úmhlaíochta do dhlí agus i dtaithí measarthachta; ansan, chun iad do chimeád ó sna dúáilcibh ar ar shamhtaisí na hainmhithi sin; ansan arís, mar bhí na nithe coiscithe sin mífholláin, an chuid ba mhó dhíobh, agus neamhoiriúnach chun bídh; ansan, arís eile, i dtreo go múinfí do phobal Dé, ó bheith ag seachnadh neamhghlaine corpartha, go dtiocfaidís chun neamhghlaine anama do sheachnadh.
- 2 Véar. 3. “*An chrúb deighilte agus do chognann an chíre*”. Deighilt na crúbite agus cogaint na círe, is samhaltaisí iad san ar thuiscint na deifríochta atá idir olc agus maith, agus bheith ag déanamh machnaimh ar dhlí Dé. An áit ná beidh an tuiscint sin ann agus an machnamh san beidh an duine sin neamhghlan. Mar an gcéanna ba neamhghlan na héisc a bhí gan eiteacha gan gainní, .i. na hanamnacha nár árdáigh iad féin le guí chun Dé agus nár chlédaigh iad féin le gainní na súáilcí.
- 3 Véar. 5. “*An cherogrillus*”. Deir drong gur choinín é, deir drong eile nár bh ea ach gráinneóg. Deir Ieróm Naofa nár bh aon taobh acu é ach ainmhí éigin i dtír Phalestín a bhíonn i bpollaibh carraigreach nú talún. Is rogha linn i dtaobh na hainme seo anso, agus i dtaobh ainmneacha eile atá thíos san áit seo do shaighseannaibh ainmhithe ná fuil le fáil in sna dúthaibh seo in aon chor, úsáid a dhéanamh de sna hainmneacha Laidne nú Gréigise.
- 4 Véar. 13. “*Gríobh*”. Ní har an árracht a chítear i bpeictiúríbh atá trácht anso, rud ná fuil ar bith in aon chor ar talamh an domhain, ach ar shaghas fiolair atá níos mó ná an fiolar coiteann.

Leabhar Leviticuis.

measc na neamhghlan, de sna nithibh a ghluaiseann ar an dtalamh, .i. an eas, an luch, an *crocodile*, gach ní acu de réir a chinéil, 30 an luch chodlamáin¹, an *chameleon*, an *stello*, an eairc luachra agus an caochán. 31 Táid siad san go léir neamhghlan agus an té a theangóidh lena gcnublaichaibh beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 32 Agus aon ní in aon chor ar a dtitfidh a gcnublaichaibh* beidh sé truaillithe, peocu ártach adhmaid é nú ball éadaigh, nú seithí nú éadaí ruainnigh, nú aon ní 'na ndeintear obair, túmfar in uisce iad agus beid siad neamhghlan go dtí tráthnóna, agus beid siad glan 'na dhiaidh san. 33 Ach ártach cré 'na dtitfidh rud acu san beidh sé truaillithe agus dá bhrí sin caithfar é ' bhriseadh. 34 Aon bhia a dh'íosfaidh sibh, má doirtear uisce air (as ártach acu san) beidh sé truaillithe, agus aon tsórd dí a dh'óltar as aon ártach den tsórd san beidh sé neamhghlan. 35 Agus aon rud ar a dtitfidh aon ainmhí marbh acu san beidh sé neamhghlan, peocu bácús é nú corcán cosach ídeófar iad agus beid siad neamhghlan. 36 Ach beidh toibreacha agus umair agus gach cruinniú uisce, glan. An té a bhainfidh lena gcnublaichaibh beidh sé neamhghlan. 37 Má thiteann sé ar arbhar síl ní thruaillíodh sé é. 38 Ach má dhoirteann éinne uisce ar an síol agus 'na dhiaidh san go dteangóidh na cnublaigh leis, beidh sé truaillithe láithreach. 39 Beithíoch is dleathach díbh a dh'ithe, má gheibheann sé bás, an té a bhainfidh lena chorpán beidh se neamhghlan go dtí tráthnóna. 40 Agus an té a dh'íosfaidh aon chuid de nú do iomprann aon chuid de, nífidh sé a chuid éadaigh, agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna.

41 Gach ní a bhíonn ag snámh ar an dtalamh beidh gráin air, agus ní tógfar é mar bhia. 42 Aon rud a ghluaiseann ar an ucht ar cheithre cosaibh, nú go mbíonn mórán cos faoi, nú do tarraigtear fan an tailimh é, ní íosfaidh sibh é mar tá gráin air. 43 Ná truaillídh úr n-anamnacha agus ná bainidh le haon ní dhíobh, sara mbeadh sibh neamhghlan, 44 mar is mise úr dTiarna Dia. Bídhse naofa, óir táimse naofa. Ná truaillídh úr n-anamnacha le haon rud snámhach a bhíonn ag gluaiseacht ar an dtalamh. 45 Óir is mise an Tiarna do thug amach sibh a tír na hÉigipte chun go mbeinn im Dhia agaibh. 46 Caithfidh sibh beith naofa mar táimse naofa.

Sin é dlí na mbeithíoch agus na n-éanlaithe agus dlí gach créatúra beó a bhíonn ag gluaiseacht in sna huisceachaibh agus ag snámh ar an dtalamh, 47 ionas go n-aithneódh sibhse an deifríocht atá idir ghlan agus neamhghlan agus go mbeadh ' fhios cad ba cheart díbh a dh'ithe agus cad ba cheart a shéanadh.

Caib. a Dódhéag

Coisreacan ban tar éis clainne ' chur díobh.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 2 Labhair le claínn Israél agus is ea adéarfair leo: Má ghabhann bean síol agus go mbéarfaidh sí leanbh fireann, beidh sí neamhghlan ar feadh seacht lá de réir a laethanta lamhánta, 3 agus déanfad tímpallghearradh ar an leanbh an t-ochtú lá, 4 ach fanfaidh sise ar feadh trí dheich a trí de laethibh i bhfuil a coisreacan. Ní bhainfidh sí le haon ní naofa ná ní raghaidh sí isteach sa *tsanctuárium* go dtí go mbeidh laethe a coisreacan críochnaithe.

5 Ach más leanbh baineann a bhéarfaidh sí beidh sí neamhghlan ar feadh dhá sheachtain, de réir gnáis a cuard in aghaidh an mhí, agus fanfidh sí i bhfuil a coisreacan ar feadh sé dheich a sé de laethibh. 6 Agus nuair a bheid laethe a coisreacan críochnaithe, do mhac nú n'inín, tabharfaidh sí léi go doras taibearnacail na fianaise uan bheidh bliain d'aois chun *holocauist*, agus colúr óg, nú turtar, mar gheall ar pheaca, agus tabharfaidh sí don tsagart iad, 7 agus ofrálfaidh an sagart iad os cómhair

1 PUL: fieldmouse.

Leabhar Leviticuis.

an Tiarna agus guífidh sé uirthi, agus mar sin a glanfar í ó ghluaiseacht a cod' fola. Sin é an dlí don mhnaoi a bheireann mac nú a bheireann iníon. 8 Agus mara bhféadann a lámh a sáith a dh'fháil, agus ná fuil ar a cumas uan d'ofráil, tógfaidh sí dhá thurtar nú dhá cholúr óga, ceann acu chun *holocauist* agus an ceann eile mar gheall ar pheaca, agus guífidh an sagart uirthi agus glanfar í mar sin.

Caib. a Tridéag

An dlí i dtaobh lobhra i ndaoine nú in éadaibh.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois*, agus duart sé: 2 An duine go n-éireoidh 'na chroiceann nú 'na chuid feóla athrú datha nú clog, nú mar ' bheadh rud éigin ag taitheamh, .i. poc an lobhra, tabharfar ag triall ar Aaron é, an sagart, nú ag triall ar dhuine dá mhacaibh. 3 Agus má fheiceann sé sin an lobhra 'na chroiceann, agus an fionnadh iompaithe bán, agus an áit 'na bhfuil an lobhra níos ísle ná* an chuid eile den fheóil: is é poc an lobhra é, agus de réir a bhreithiúntais sin deighilfar é. 4 Ach má bhíonn taitheamh geal sa chroiceann agus gan é ' bheith níos ísle ná an chuid eile den fheóil, agus an fionnadh do bheith ar an ndath ar a raibh sé roimis sin, dúnfaidh an sagart isteach é ar feadh seacht lá. 5 Ansan féachfaidh sé air*: agus mura mbeidh an lobhra tar éis fás níos sia, ná tar éis é féin do leathadh sa chroiceann, dúnfaidh sé isteach arís é ar feadh seacht lá eile: 6 féachfaidh sé air an seactú lá: má bhíonn an lobhra buille neamhshoiléir agus gan leathadh sa chroiceann, breithneoidh sé glan é, mar níl ann ach gearb, agus nífidh an duine a chuid éadaigh agus beidh é glan. 7 Ach má fhásann an lobhra arís, tar éis an tsagairt dhá fheiscint agus dhá bhreithniú glan, tabharfar chuige é 8 agus breithneófar neamhghlan é. 9 Má bhíonn poc an lobhra i nduine tabharfar i láthair an tsagairt é, 10 agus féachfaidh an sagart é, agus nuair a bheidh dath bán sa chroiceann agus go mbeidh sé tar éis datha an fhionnadh d'athrú, agus go bhfeicfar an fheóil bheo féin, 11 breithneófar gur seanalobhra é atá préamhaithe sa chroiceann, agus ní dúnfar isteach é mar is léir é ' bheith neamhghlan. 12 Ach má sceinneann an lobhra amach, ag rith anonn 's anall sa chroiceann agus go gclúdóidh sé an croiceann go léir, ón gceann go dtí na cosa, pé rud a thiteann fé radharc na súl, 13 féachfaidh an sagart air agus breithneoidh sé go bhfuil an lobhra atá air ana-ghlan*. 14 Ach nuair a thaispeánfaidh an fheóil bheo í féin*, 15 ansan beidh sé truaillithe fé bhreithniúntas an tsagairt agus áireoir i measc na neamhghlan é, óir má bhíonn feóil bheo spotaithe le lobhra tá sí neamhghlan. 16 Agus má iompaíonn sí arís chun bheith bán, agus chun beith leata ar an nduine ar fad 17 féachfaidh an sagart é agus breithneoidh sé glan é.

18 Mar an gcéanna, nuair a bhíonn othras tar éis cneasaithe sa bhfeóil agus sa chroiceann 19 agus rian bán le feiscint san áit [an othrais]* nú rian leathdhearg, tabharfar an duine chun an tsagairt, 20 agus nuair a chífidh an sagart rian an othrais*, níos ísle ná an chuid eile den fheóil*, breithneoidh sé neamhghlan é, mar tá poc an lobhair tar éis briseach amach san othras. 21 Ach má bhíonn dath an fhionnadh mar a bhí sé roimis sin agus gan an rian a bheith rósoiléir, ná níos ísle ná an fheóil in' aice, dúnfaidh sé isteach é ar feadh seacht lá, 22 agus má leathann sé, breithneoidh [sé]* go bhfuil an lobhra air, 23 ach má fhanann sé in' áit níl ann ach rian othrais, agus beidh an duine glan. 24 Mar an gcéanna, an fheóil agus an croiceann a dódh, agus tar éis cneasaithe dho go bhfuil rian bán nú rian dearg san áit, 25 féachfaidh an sagart é agus má fheiceann sé go bhfuil sé iompaithe bán nú* go bhfuil sé níos ísle ná an chuid eile den chroiceann, breithneoidh sé an duine neamhghlan, óir tá olc an lobhra tar éis briseadh amach sa rian. 26 Ach má bhíonn dath an fhionnadh gan athrú agus ná beidh an rian níos ísle ná an fheóil eile, agus ná beidh an deallramh lobhra róshoiléir, dúnfaidh sé isteach é ar feadh seacht lá, 27 agus féachfaidh sé é an seactú lá. Ansan má bhíonn an lobhra tar éis dul i méid sa chroiceann, breithneoidh sé neamhghlan é. 28 Ach má fhanann an bháine 'na háit agus

Leabhar Leviticuis.

ná beidh sí róshoiléir is créacht ó loscadh é, agus breithneoidh sé glan é*. 29 Má bhriseann an lobhra amach i gceann nó i bhféasóig fir nó mná, féachfaidh an sagart iad, 30 agus má bhíonn an áit níos ísle ná an fheoil eile, agus má bhíonn an ghruaig buí agus níos caoile ná mar is gnáth, bhreithneoidh sé neamhghlan iad, mar is é lobhra an chinn agus na féasóige é. 31 Ach má chionn sé áit an spota ' bheith ar aon dul leis an bhfeoil in' aice, agus an ghruaig a bheith dubh, dúnfaidh sé isteach é ar feadh seacht lá. 32 Agus féachfaidh sé air, an seachtú lá, agus má bhíonn an spota gan méadú agus a dath féin ar an ngruaig, agus an spota ar aon leibhéal leis an bhfeoil eile, 33 beárfar an fear, ach amháin an spota, agus dúnfar isteach é ar feadh seacht lá eile. 34 Má chítear, an seachtú lá, gur fhan an drochní in' áit, agus nách ísle é ná an fheoil eile, glanfaidh sé é, agus nífar a chuid éadaigh agus beidh sé glan. 35 Ach tar éis é ' ghlanadh má leathann an spota arís sa chroiceann, 36 ní fhéachfaidh sé a thuilleadh ar iompaigh an ghruaig buí mar is léir é ' bheith neamhghlan. 37 Ach má fhanann spota ar aon dul agus an ghruaig dubh bíodh ' fhios aige an duine ' bheith leighiste agus deineadh sé deimhin de 'na bhreith.

38 Má chítear báine i gcroiceann fir nó mná, 39 féachfaidh an sagart iad. Má fhaigheann sé báine leathdorcha ag taitheamh sa chroiceann, bíodh ' fhios aige nách é an lobhra é sin ach teimheal bán agus go bhfuil an duine glan. 40 An fear go dtiteann an ghruaig dá cheann, tá sé maol agus glan; 41 agus más dá éadan a thitfidh an ghruaig, tá sé maol amu' agus tá sé glan. 42 Ach má bhíonn sa cheann maol nó san éadan maol, dath bán tagaithe, nó dath leathdhearg, 43 agus má fheiceann an sagart an ní sin, tabharfaidh sé, gan amhras, breith air, go bhfuil lobhra tagaithe san áit atá maol.

44 Pé duine, áfach, a bheidh truaillithe le lobhra, agus atá deighilte, le breith sagairt, 45 caithfidh sé a chuid éadaigh a bheith gan fáscadh uime, agus a cheann a bheith lomrachta, agus a bhéal a bheith clúdaithe le héadach, agus beidh sé dhá insint go hárd, go bhfuil sé truaillithe agus neamhghlan. 46 I gcaitheamh na haimsire go léir 'na mbeidh sé 'na lobhar agus neamhghlan déanfaidh sé cónaí in' aonar lasmu' den longphort.

47 Aon bhall éadaigh, lín nó olla, go mbeidh an lobhra air 48 sa dlúth agus san inneach, nó croiceann, nó aon rud a deintear de chroiceann, 49 má bhíonn teimheal bán air nó teimheal dearg, measfar gurb é an lobhra é agus taispeánfar don tsagart é; 50 agus féachfaidh an sagart é agus dúnfaidh sé isteach é ar feadh seacht lá, 51 agus an seachtú lá nuair ' fhéachfaidh sé arís é, má fheiceann sé go bhfuil sé méadaithe is lobhra daingean é, breithneoidh sé an ball éadaigh sin a bheith neamhghlan, agus gach ní go bhfaighfar 'na measc é. 52 Agus dá bhrí sin dófar é le tine. 53 Ach má fheiceann sé ná fuil sé méadaithe, 54 órdóidh sé an áit 'na bhfuil an lobhra do ní, agus ansan dúnfaidh sé suas é ar feadh seacht lá eile; 55 agus nuair a chífidh sé ná fuil a chéad dhath tagaithe air agus ná fuil an lobhra leathnaithe, breithneoidh sé neamhghlan é agus dófaidh sé le tine é, óir tá an lobhra tar éis greama do bhreith ar an dtaobh amu' den bhall éadaigh, nó tríd is tríd. 56 Ach má bhíonn áit an lobhra leathdorcha tar éis an bhaill éadaigh do ní, stracfaidh [sé]* anuas de é agus deighilfidh sé é ón áit atá folláin. 57 Agus má feictear 'na dhiaidh san in sna háiteannaibh a bhí gan teimeal ar dtúis, lobhra sceinneach nó lobhra fánaíochta, dófar é le tine. 58 Má stadann sé, nífidh sé le huisce na háiteanna atá glan, an tarna huair, agus beidh sé* glan.

59 Sin é an dlí i dtaobh lobhra in aon bhall éadaigh, lín nó olla, sa dlúth nó san inneach, nó in aon ní déanta de chroiceann, conas ba cheart é ' ghlanadh, nó é ' bhreithniú neamhghlan.

Caib. a Ceathairdeag

Leabhar Leviticuis.

Ríteacha íbirtí i nglanadh an lobhra. Lobhra i dtithibh.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 2 Sid é an ríte i dtaobh lobhair nuair a bheidh sé le glanadh. Tabharfar chun an tsagairt é: 3 agus nuair a gheóbhaidh an sagart go bhfuil an lobhra glan imeó' sé amach as an longphort 4 agus órdóidh sé don té atá le glanadh dhá ghealbhún bheó, gur dleathach iad d'ithe, d'ofráil ar a shon féin, agus adhmad céadair, agus croídhreac agus *hyssóp*. 5 Agus órdóidh sé ceann de sna gealbhúnaibh d'íbirt in ártach cré os cionn uisceacha beó¹: 6 Ach túmfaidh sé an gealbhún beó, mar aon leis an adhmad céadair agus leis an gcroídhreac agus leis an *hyssóp*, i bhfuil an ghealbhúin a híbreadh, 7 agus croithfidh sé, leó san, an fhuil* ar an té atá le glanadh, agus leogfaidh sé uaidh an gealbhún beó, chun sceinnt ar fuaid an mhachaire. 8 Ansan nuair a bheidh an duine tar éis a chod' éadaigh do ní, beárrfaidh sé a bhfuil d'fhionnadh ar a chorp agus nífar é le huisce, agus beidh sé glan, agus raghaidh sé isteach sa longphort, ach amháin go bhfanfaidh sé lasmu' dá chábán féin ar feadh seacht lá. 9 An seachtú lá beárrfaidh sé gruaig a chínn agus a chuid féasóige agus a dhá mhalainn agus fionnadh a chuirp go léir, agus nífidh sé arís a chuid éadaigh agus a chorp. 10 Ansan, an t-ochtú lá, tógfaidh sé dhá uan gan teimheal agus fóisc dhá bhlian, gan teimheal, agus trí dheichiú cuid de phlúr ar a mbeidh ola croite chun íbirte, agus *sextarium*² ola fé leith, 11 agus nuair a bheidh an sagart, a [ghlanann]* an duine, tar éis é ' thoirbhirt os cómhair an Tiarna, ag doras taibearnacail na fianaise, 12 tógfaidh sé an t-uan agus ofrálfaidh sé é in' ofráil mar gheall ar iomarbhas mar aon leis an *sextarium* ola, agus tar éis san go léir d'ofráil os cómhair an Tiarna, 13 íbreoidh sé an t-uan san áit 'nar gnáth *victim* mar gheall ar pheaca d'íbirt, agus an *holocaust*, .i. san áit naofa: óir, fé mar is leis an sagart an ní is mar gheall ar pheaca, is leis, mar an gcéanna, *victim* na hofrála mar gheall ar iomarbhas: is *sanctum sanctorum** é. 14 Agus tógfaidh an sagart fuil³ na *victime* do híbreadh mar gheall ar iomarbhas, agus cuirfidh sé í ar barra cluaise* an té a bhíonn dá ghlanadh, agus ar órdóig a lámha deise agus ar órdóig a chois deise, 15 Agus doirtfidh sé as an *sextarium* ola isteach 'na láimh chlé féin 16 agus túmfaidh sé a mhéar dheas ann agus scaipfidh sé os cómhair an Tiarna í seacht n-uaire, 17 agus cuirfidh sé an chuid eile den ola a bheidh 'na láimh chlé aige ar bharr cluaise deise an té a bhíonn dá ghlanadh, agus ar órdóig a lámha deise agus ar órdóig a chois deise, agus ar an bhfuil a doirteadh mar gheall ar iomarbhas, 18 agus ar a cheann. 19 Agus guífidh sé air os cómhair an Tiarna, agus ofrálfaidh sé an íbirt mar gheall ar pheaca: agus ansan íbreoidh sé an *holocaust*, 20 agus cuirfidh sé ar an altóir é mar aon leis na hofrálaibh dí a bhaineann leis agus beidh an duine glan mar is cóir.

21 Ach más duine dealbh é, agus nách féidir dá láimh na nithe adúradh a dh'fháil, tógfaidh sé uan chun ofrála mar gheall ar iomarbhas, ionas go nguífidh an sagart air, agus an deachú de phlúr go mbeidh ola croite air, chun íbirte, agus *sextarium* ola 22 agus dhá thurtar nú dhá cholúr óga, go

1 Caib. 14. véar. 5. “*Uisceacha beó*”. .i. uisce a tobar, nú a sruth, nú a habhainn.

2 Véar. 10. “*Sectarium*”, san Éabhrais “*log*”, tómmas fliche in earraibh an tarna cuid déag den *hin*, agus go raghadh túmpall sé cinn d'uíbhíbh isteach ann.

3 Véar. 14. “*Cuid den fhuil*”. Nithe diamhra, agus brí ana-mhór leó, ab ea na *ceremónaihbh** sin i dtaobh lobhair do ghlanadh. An fhuil sin an éin bhig dá crothadh seacht n-uaire; é dhá ní féin agus ag ní a chod' éadaigh; bearradh a ghruaige agus a fhéasóige; ciallaíad siad san na nithe a bhíonn le déanamh chun an pheacaigh d'íompáil chun Dé, .i. úsáid a dhéanamh go minic d'fhuil rónaofa Chríost dá crothadh air; a choinsias dá ní le huisce na haithrí; scarúint le nithibh baotha gan tairbhe, agus na nithe ná fuil gá aige leó do thabhairt do bhochtaibh Dé. An ofráil mar gheall ar pheaca agus an *holocaust* a bhí air a dh'ofráil le linn a ghlanta ciallaíad siad íbirt úmhlaíochta croí agus dóláis croí, agus adhradh dá thabhairt do Dhia, agus baochas mar gheall ar mhaithiúnachas na bpeacaí. An bhaint sin le bárr na cluaise agus le hórdóig na lámha* agus le hórdóig na chois deise, ag cur fola na *victime* orthu agus ag cur na hola orthu ansan. An ola do caitheadh os cómhair an Tiarn seacht n-uaire, ciallaíad siad san fuil Chríost agus úngadh seachtfhíllte ghrásta an Sprid Naoimh, dá gcur ar chluais dheis an pheacaigh i dtreo go n-éistfeadh sé mar is cóir le dlí Dé agus go mbeadh sé úmhal di; agus ar a láimh dheis agus ar a chois dheis, i dtreo go mbeadh gach gníomh a dhéanfadh a lámh agus gach ciscéim dá siúlódh a chos, .i. gach féith 'na chroí, ag dul ceann ar aghaidh chun Dé.

Leabhar Leviticuis.

mbeidh ceann acu mar gheall ar pheaca agus an ceann eile chun *holocaust*: 23 agus tabharfaidh sé don tsagart iad an t-ochtú lá dá ghlanadh, ag doras taibearnacaiul na fianaise os cómhair an Tiarna, 24 Agus glacfaidh an sagart an t-uan mar gheall ar iomarbhas agus an *sextarium* ola, agus árdóidh sé iad in éineacht, 25 agus íbreóidh sé an t-uan agus cuirfidh sé cuid dá fhuil ar bhárr cluaise deise an té a bheidh le glanadh, agus ar órdóig a lámha deise, agus ar órdóig a choise deise, 26 agus doirtfidh sé cuid den ola isteach 'na láimh chlé féin 27 agus túmfaidh sé méar a lámha deise san ola agus scaipfidh sé í seacht n-uaire os cómhair an Tiarna, 28 agus bainfidh sé le bárr cluaise deise an té a glantar, agus le hórdóig a lámha deise, agus le hórdóig a choise deise, in áit na fola a doirteadh mar gheall ar iomarbhas. 29 Agus an chuid eile den ola atá 'na láimh chlé doirtfidh sé í ar cheann an duine do glanadh, i dtreo go sásóidh sé an Tiarna dho. 30 Agus ofrálfaidh sé turtar agus* colúr óg, 31 ceann acu mar gheall ar iomarbhas agus an ceann eile 'na *holocaust* mar aon lena n-ofrálachaibh dí. 32 Sin í an íbirt a dhéanfaidh lobhar ná fuil ar a chumas na nithe go léir a bheith aige do bhaineann lena ghlanadh.

33 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus le hAaron, agus is ea aduairt: 34 Nuair a bheidh sibh tagaithe isteach i dtír Chanaain, an tír a thabharfadsa dhíbh mar shealús, má bhíonn pláig an lobhra i dtigh, 35 tiocfaidh an té gur leis an tigh ag triall ar an sagart agus déarfaidh sé: samhlaítear dómhsa pláig an lobhra do bheith im thigh. 36 Agus órdóidh seisean gach ní do bhreith amach as an dtigh sara raghaidh sé isteach ann go bhfeicfidh sé an bhfuil an lobhra ann, le heagla go ndéanfí neamhghlan na nithe go léir atá sa tigh. Ansan raghaidh sé isteach ag féachaing lobhra an tí. 37 Má fheiceann sé, in sna fallaibh, clasa beaga agus iad athchúmtha le báine nú le deirge, agus iad níos ísle ná an chuid eile, 38 imeóidh sé doras an tí sin amach agus dúnfaidh sé suas* an tigh go ceann seacht lá. 39 Ansan tiocfaidh sé an seachtú lá agus féachfaidh sé é. Má fhaigheann sé an lobhra tar éis leathnú 40 órdóidh sé na clocha ar a bhfuil an lobhra do bhaint amach agus iad do chaitheamh lasmu' den chathair, in áit neamhghlan: 41 agus an tigh do scrabhadh ar an dtaobh istigh mórthimpall agus brúscar an scraibhthe do scaipeadh lasmu' den chathair in áit neamhghlan, 42 agus clocha eile do chur in ineadaibh na gcloch a baineadh amach, agus é ' chlúdach le moirtéal éile. 43 Ach más rud é, tar éis na gcloch do bhaint amach agus an bhrúscar do scrabhadh dhe agus é ' phlástráil le cré eile, 44 go raghaidh an sagart isteach agus go bhfeicfidh sé an lobhra tagaithe thar n-ais agus na fallaí lán de spotaibh, is lobhra buan é agus tá an tigh neamhghlan: 45 agus ní foláir a dh'ídiú feasta, agus na clocha agus an t-adhmad agus an brúscar go léir, do chaitheamh in áit neamhghlan, lasmu' den bhaile.

46 An té do raghaidh isteach sa tigh agus é dúnta beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna, 47 agus an té do chodlóidh ann, agus d'íosfaidh rud ann, nífidh sé a chuid éadaigh.

48 Ach má théann an sagart isteach ann agus go bhfeicfidh sé ná fuil an lobhra leata sa tigh tar éis é ' bheith plástrálta an tarna huair, glanfaidh sé é mar tá sé leighiste. 49 Agus chun é ' ghlanadh tógfaidh sé dhá ghealbhún agus adhmad céadair agus croíreach agus *hyssóp*, 50 agus íbreóidh sé gealbhún in ártach cré os cionn uisceacha beó 51 agus ansan tógfaidh sé an t-adhmad céadair agus an *hyssóp* agus an croíreach agus an gealbhún beó agus túmfaidh sé iad go léir i bhfuil an ghealbhúin a hibreadh agus san uisce beó, agus croithfidh sé ar an dtigh seacht n-uaire, 52 agus glanfaidh sé é le fuil an ghealbhúin, agus leis an uisce beó chómh maith, agus leis an ngealbhún beó, agus leis an adhmad céadair, agus leis an *hyssóp*, agus leis an gcroíreach. 53 Agus leogfaidh sé uaidh an gealbhún ag sceinnt saor ar fuaid an mhachaire, guífidh sé ar an dtigh agus beidh an tigh glan le ceart dlí. 54 Sin é an dlí i dtaobh an uile shaghas buille lobhra*; 55 i dtaobh lobhra ball éadaigh agus lobhra tithe; 56 i dtaobh riain agus i dtaobh clog ag briseadh amach; i dtaobh spota ag taitheamh, agus

Leabhar Leviticuis.

nuair a hathraítear na dathanna go hiolartha: 57 ionas go n-aithneófar cathain a bheidh rud glan agus cathain a bheidh sé neamhghlan.

Caib. a Cúigdéag

Neamhghlanachair eile, de réir dlí.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus le hAaron, agus duairt sé: 2 Labhraidh le claínn Israél agus abraidh leo: An fear go bhfuil aige imeacht síl¹ beidh sé neamhghlan, 3 agus breithneófar é ' bheith fén ndrochní sin nuair a bheidh fliche shalach, gach aon neómat, ag ceangal dá chuid feóla agus ag cruinniú ann. 4 Beidh gach leabaidh ar a gcodlóidh sé neamhghlan, agus gach áit ar a suífidh sé. 5 Aon duine a theangóidh lena leabaidh nífidh sé a chuid éadaigh agus nífar é le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 6 Má shuíonn duine ar an áit ar ar shuigh an duine sin caithfidh sé sin, leis, a chuid éadaigh do ní, agus tar éis é ' ní le huisce beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 7 An té a bhainfidh lena chuid feóla nífidh sé a chuid éadaigh: agus nífar é féin le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 8 Má chaitheann fear den tsórd san seile ar dhuine ghlan, nífidh seisean a chuid éadaigh agus nífar é féin le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 9 Beidh an iallait ar ar shuigh sé neamhghlan. 10 Agus pé rud a bhí fén nduine go bhfuil imeacht síl aige beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. An duine d'iompróidh aon ní de sna nithibh sin nífidh sé a chuid éadaigh agus nífar é féin le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 11 Gach aon duine lena mbainfidh duine den tsórd san gan a lámha do ní roim ré, nífidh sé a chuid éadaigh agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 12 Má bhaineann sé le hártach brisfar an t-ártach, ach más ártach adhmaid é nífar é le huisce. 13 Má leighistear an té go bhfuil an galar san air cómhaireóidh sé seacht lá tar éis a ghlanta, agus nífidh sé a chuid éadaigh agus a chorp ar fad in uisce bheo agus beidh sé glan. 14 Agus, an t-ochtú lá, tógfaidh sé dhá thurtar, nú dhá cholúr óga, agus tiocfaidh sé i láthair an Tiarna, go dtí doras taibearnacaíl na fianaise, agus tabharfaidh sé don tsagart iad, 15 agus ofrálfaidh an sagart ceann acu mar gheall ar pheaca agus an ceann eile 'na *holocaust*; agus guífidh sé air os cómhair an Tiarna, go nglanfi é ó imeacht a chod' síl.

16 An fear go n-imeóidh amach uaidh síol lánúnais, nífidh sé a chorp le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 17 An ball éadaigh nú an seithe a bhíonn uime nífidh sé é le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 18 An bhean lenar dhein sé lánúnas, nífar í le huisce agus beidh sí neamhghlan go dtí tráthnóna. 19 An bhean go mbeidh aici imeacht a cod' fola ar theacht an mhí, deighilfar í ar feadh seacht lá. 20 Gach duine a bhainfidh léi beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna, 21 agus gach ní ar a gcodlóidh sí nú ar a suífidh sí, i gcaitheamh laethanta a deighilte, beidh sé truaillithe. 22 An té a bhainfidh lena leabaidh nífidh sé a chuid éadaigh: agus nífar é féin le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 23 An duine a bhainfidh le haon ártach ar a suífidh sí nífidh sé a chuid éadaigh, agus nífar é féin le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 24 Má dheineann fear lánúnas léi in aimsir a huaithe beidh sé neamhghlan ar feadh seacht lá: agus beidh gach leabaidh ar a luífidh sé truaillithe. 25 An bhean go mbeidh imeacht fola uirthi mórán laethanta lasmu' dá haimsir ghnáthach, nú ná stadann an imeacht fola dhi tar éis na gcuard míosúl, an fhaid a bheidh an galar san uirthi beidh sí neamhghlan, fé mar a bheadh sí le linn a huaithe. 26 Beidh gach leabaidh ar a gcodlóidh sí, agus gach ártach ar a suífidh sí, neamhghlan. 27 Pé duine a bhainfidh leo nífidh sé a chuid éadaigh, agus nífar é féin, agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna. 28 Má stadann an fhuil agus ná himíonn a thuilleadh dhi, cómhaireóidh sí seacht lá a glantaithe: 29 agus ofrálfaidh sí don tsagart, an t-ochtú lá ar a son féin,

1 Caib. 15. véar. 2. "*Imeacht síl*". Do cuireadh ar bun na dlithe seo, i dtaobh neamhghlaine, chun go gcurfí ' fhéachaint ar na daoine gráin a bheith acu ar* gach ní a bhaineann le drúisiúlacht.

Leabhar Leviticuis.

dhá thurtar nú dhá cholúr óga, ag doras taibearnacail na fianaise, 30 agus ofrálfaidh seisean ceann acu mar gheall ar pheaca agus an ceann eile 'na *holocaust*, agus guífídh sé uirthi os cómhair an Tiarna agus ar ghluaiseacht a neamhghlaine.

31 Múinfídh sibhse, dá bhri sin, do chlaínn Israél, neamhghlaine do sheachnadh, ionas ná faighidís bás 'na salachar nuair ' dhéanfaidh siad truailliú ar mo thaibearnacal atá 'na measc. 32 Sid é an dlí i dtaobh an té ar a bhfuil cailliúint síl, nú a truaillítear le lánúnas; 33 agus i dtaobh na mná atá deighilte 'na tráthaibh míosúla, nú go bhfuil cailliúint fola ag leanúint uirthi: agus i dtaobh an fhir a chodlann 'na teannta.

Caib. a Sédéag

Cathain agus conas a chaithfidh an t-árdshagart dul isteach sa tsanctúarium. Féile an tsásaimh.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois, tar éis bháis do bheirt mhac Aaroin, nuair a maraíodh iad mar gheall ar thine iasachta d'ofráil, 2 agus thug sé órdú dho, dhá rá: Abair le dhriotháir Aaron gan dul isteach¹ in aon chor sa *tsanctúarium* atá laistigh den chaille ar aghaidh an *própitiatórium* amach, lena bhfuil an airc clúdaithe, sara bhfaigheadh sé bás (óir taispeánfadsa me féin i scamall os cionn an *óraculuim*), 3 gan é ' dhéanamh na nith' seo ar dtúis: .i. ofrálfaidh sé gamhain mar gheall ar pheaca agus reithe chun *holocaust*. 4 Beidh sé éidithe sa léine línéadaigh, agus clúdóidh sé a náire le briste línéadaigh, beidh crios línéadaigh air agus cuirfidh sé míocht línéadaigh ar a cheann. Óir is éidí beannaithe iad san, agus is tar éis é ' bheith nite do chuirfidh sé uime iad go léir. 5 Agus glacfaidh sé ó shlua uile clainne Israél dhá phocán gabhair mar gheall ar pheaca agus reithe chun *holocaust*. 6 Agus nuair a bheidh an gamhain ofrálta aige agus guite aige air féin agus ar a theaghlach féin, 7 cuirfidh sé an dá phocán gabhair 'na seasamh os cómhair an Tiarna i ndoras thaibearnacail na fianaise 8 agus cuirfidh sé iad araon fé chrannaibh, chun go n-ofrálfí ceann acu don Tiarna agus go mbeadh an ceann eile 'na ghabhar-amach. 9 An gabhar ar ar thit an crann chun go n-ofrálfí é ofrálfaidh sé e mar gheall ar pheaca, don Tiarna, 10 ach an ceann ar ar thit an crann chun é ' bheith 'na ghabhar-amach cuirfidh sé i láthair an Tiarna é 'na bheathaidh i dtreó go scaoilfidh sé amach úrnaithe os a chionn agus go leogfaidh sé amach sa bhfiantas é. 11 Nuair a bheidh na nithe sin déanta aige sa cheart ofrálfaidh sé an gamhain agus guífídh sé ar a shon féin agus ar son a theaghlach féin, agus ansan íbreóidh sé an gamhain: 12 agus tógfaidh sé an túiseóir agus é lán de sméaróidíbh ón altóir, agus tógfaidh sé 'na láimh an cumasc cúmhartha mar thúis, agus raghaidh sé isteach, laistigh den chaille, san áit naofa, 13 i dtreó, nuair a curfar an túis cúmhartha ar an dtine, go gclúdóidh an scamall agus an gal an t-*óraculum*, atá os cionn na fianaise, agus ná faigheadh sé bás. 14 Tógfaidh sé, leis, fuil an ghamhna agus croithfidh sé í lena mhéir seacht n-uaire, i dtreó an *phrópitiatóriuim* soir. 15 Agus maróidh sé an pocán mar gheall ar pheaca na ndaoine agus béarfaidh sé fuil an phocáin leis isteach, laistigh den chaille, mar a hórdaíodh do a dhéanamh le fuil an ghamhna chun í ' chrothadh ar aghaidh an *óraculuim* anonn 16 agus i dtreó go nglanfaidh sé an *sanctúarium* ó thruaillitheacht chlainne Israél agus óna n-iomarbhasaibh agus óna bpeacaibh go léir. De réir na ríte sin is ea ' dhéanfaidh sé le taibearnacal na fianaise atá suíte 'na measc i lár salachair a n-áite cómhnaithé.

17 Ná bíodh aon duine sa taibearnacal nuair a théann an t-árdshagart isteach sa *tsanctúarium* ag guí air féin agus ar a theaghlach agus ar phobal Israél uile, go dtí go dtiocfaidh sé amach. 18 Agus nuair

1 Caib. 16. véar. 2. “*Gan dul isteach*”. Ní raibh ceadaithe d'éinne ach don árdshagart dul isteach sa *tsanctúarium*, agus ní raibh ceadaithe dho san dul isteach ann ach uair sa mbliain; dhá chur in úil nárbh fhéidir d'aon duine dul isteach i *sanctúarium* na bhflaitheas go dtí gur oscail ár n-árdshagart Íosa Críost na flaitheas lena Pháis. (Heb. 10:8).

Leabhar Leviticuis.

a bheidh sé tagaithe amach chun na haltórach atá os cómhair an Tiarna, guíodh sé air féin, agus tógadh sé fuil an ghamhna agus fuil an phocáin agus doirteach sé í ar adharcaibh na haltórach móirthímpall, 19 agus croitheadh sé lena mhéir seacht n-uaire, agus glanadh sé í agus naomhaíodh sé í ó neamhghlaine chlainne Israél.

20 Ansan, nuair a bheidh an *sanctuárium* agus an taibearnacal* glan aige ofráladh sé an gabhar beó: 21 cuireadh sé a dhá lámh ar a cheann agus admhaíodh sé peacaí uile clainne Israél agus a n-iomarbhasa agus a bpeacaí, agus guíodh sé go luífidís ar a cheann san, agus ansan casfaidh sé é chun fir a bheidh ollamh do (agus comáinfidh an fear san é) amach fén bhfásach. 22 Agus nuair a bheidh a bpeacaí go léir bertha ag an ngabhar leis isteach i dtír gan daoine, agus nuair a bheidh sé leogaithe chun siúil san uaigneas, 23 fillfidh Aaron isteach i dtaibearnacal na fianaise agus bainfidh sé dhe na héidí a bhí uime roimis sin nuair a chuaigh sé isteach sa *tsanctuárium*, agus fágfaidh sé ansan iad, 24 agus nífidh sé a chuid feóla san áit naofa agus cuirfidh sé uime a chuid éadaigh féin. Ansan tiocfaidh sé amach agus ofrálfaidh sé a *holocaust* féin agus *holocaust* na ndaoine agus guífidh sé air féin agus ar na daoine. 25 Agus an tsaill a hofráladh mar gheall ar pheaca, dófaidh sé ar an altóir í.

26 Ach a fear a leog chun siúil an gabhar-amach, nífidh sé a chuid éadaigh agus a chorp le huisce agus ansan raghaidh sé isteach sa longphort.

27 Ach an gamhain agus an pocán do híbheadh mar gheall ar pheaca, agus gur rugadh a gcuid fola isteach sa *tsanctuárium*, chun an tsásaimh do dhéanamh, béarfaid siad amach iad, lasmu' den longphort agus dógfaid siad le tine a seithí agus a bhfeóil agus a ngarr. 28 Agus pé duine a dhófaidh iad nífidh sé a chuid éadaigh agus a chuid feóla féin le huisce agus ansan raghaidh sé isteach sa longphort.

29 Agus beidh sé sin díbhse 'na reacht bhithbhuan: an seachtú mí, an seachtú* lá den mhí, cráfaidh sibh úr n-anamnachaibh*, agus ní dhéanfaidh sibh aon obair, peocu is duine dúr dtír féin é nú duine iasachta a thugann tréimhse 'núr measc. 30 Ar an lá san a bheidh an sásamh ar úr son, agus an glanadh ónúr bpeacaibh go léir: glanfar sibh os cómhair an Tiarna. 31 Óir is sabóid suaimhnis díbh é agus cráfaidh sibh úr n-anamnachaibh le cráifeacht bhithbhuan. 32 Agus an sagart atá úngtha agus go bhfuilid a lámha coisricthe chun oifice sagartachta do dhéanamh in inead a athar, déanfaidh sé sásamh, agus beidh sé éidithe sa léine línéadaigh agus in sna héidibh beannaithe, 33 agus déanfaidh sé sásamh don *sanctuárium* agus do thaibearnacal na fianaise agus don altóir, agus don tsagart, leis, agus do sna daoine go léir. 34 Agus beidh sé sin 'na reacht go deó, go nguífidh sibh ar chlaínn Israél agus ar a bpeacaibh go léir, uair sa mbliain.

Do dhein sé, dá bhrí sin, mar a bhí órdaithe ag an dTiarna do Mhaois.

Caib. a Seachtdéag

Conas mar nár dhleathach aon íbirt d'ofráil ach amháin ag doras an taibearnacail: cosc ar fuil.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois, dhá rá: 2 Labhair le hAaron agus lena mhacaibh, agus le claínn Israél go léir agus abair leo: Sid é an focal atá órdaithe ag an dTiarna, dhá rá: 3 Aon fhear in aon chor de theaghlach Israél má mharaíonn sé¹ damh, nú caíora, nú gabhar, sa longphort, nú

1 Caib. 17. véar. 3. "Má mharaíonn sé", .i. chun íbirte. Coisceann dlí Dé íbirt do dhéanamh in aon áit ach amháin ag taibearnacal, nú ag teampall, an Tiarna; dhá chur in úil ná glacfadh Dia aon íbirt lasmu' dá theampall féin, .i. den aon

Leabhar Leviticuis.

lasmu' den longhport, 4 gan é ' dh'ofráil ag doras an taibearnacail, in' íbirt chun an Tiarna, beidh sé cionntach i bhfuil, agus ídeófar é, a lár a dhaoine, fé mar a bheadh sé tar éis fola do dhortadh. 5 Dá bhrí sin tabharfaid clann Israél a gcuid *victimí*, a mharaid siad ar an machaire, ag triall ar an sagart, chun iad do naomhú chun an Tiarna ar aghaidh dorais taibearnacail na fianaise amach, agus féadfaid* siad iad d'íbert 'na n-ofrálachaibh síochána chun an Tiarna. 6 Agus doirtfidh an sagart an fhuil ar altóir an Tiarna, ag doras an taibearnacail*, agus dófaidh sé an tsaill mar bhalaith chúmhartha chun an Tiarna. 7 Agus ní íbreóid siad a thuilleadh a gcuid *victimí* chun deamhan 'na mbeidh méirdreachas déanta acu leo. Beidh sé 'na reacht go deó dhóibh féin agus dá sliocht.

8 Agus déarfair leo: An fear de theaghlach Israél, nú de sna heachtrannaibh a bheidh ag caitheamh tréimhse 'núr measc, d'ofrálfaidh *holocaust* nú *victim*, 9 agus ná tabharfaidh go doras taibearnacail na fianaise é, chun go n-ofrálfí don Tiarna é, ídeófar as a dhaoineibh é. 10 Aon fhear in aon chor de theaghlach Israél, agus de sna heachtrannaibh atá ag caitheamh tréimhse 'núr measc, má itheann sé fuil¹, cuirfeadsa m'aghaidh i gcoinnibh a anama, agus geárrfad amach é a lár a dhaoine: 11 óir is í an fhuil beatha na feóla: agus tá sí tabhartha agamsa dhíbhse chun go ndéanfadh sibh sásamh léi ar an altóir, ar son úr n-anam, agus go mbeadh an fhuil 'na cúiteamh ar son an anama. 12 Uime sin atá ráite agam le claínn Israél: Ní íosfaidh aon anam díbhse fuil, ná de sna heachtrannaibh atá ag cónaí 'núr measc. 13 Aon fhear in aon chor de chlaínn Israél, agus de sna heachtrannaibh a chónaíonn eadraibh, má thógann sé le fiach nú le sealgaireacht, beithíoch allta nú éan, gur dleathach é ' dh'ithe, doirteach sé a chuid fola agus clúdaíodh sé í le cré; 14 óir is sa bhfuil atá beatha na feóla. Dá bhrí sin is ea aduart le claínn Israél: Ní íosfaidh sibh fuil aon fheóla in aon chor, óir is sa bhfuil atá beatha na feóla, agus an té a dh'íosfaidh í ídeófar é.

15 An t-anam a dh'íosfaidh rud a fuair bás uaidh féin, nú gur rug beithíoch air, peocu duine dúr dtír féin é nú duine iasachta, nífidh sé a chuid éadaigh agus é féin le huisce agus beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna, agus ar an gcuma san is ea ' glanfar* é. 16 Ach mura níodh sé a chuid éadaigh agus a chorp iompróidh sé a mhallaitheacht féin.

Caib. a hOchtdéag

Pósadh dá chosc laistigh de ghlúinibh áirithe ghaeil: agus gach drúis mhínádúrtha.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois, á rá: 2 Labhair le claínn Israél agus déarfair leo: Mise úr dTiarna Dia. 3 Caithfidh sibh gan déanamh de réir gnáis tíre na hÉigipte mar ar dheineabhair cónaí. Ná ní dhéanfaidh sibh de réir nóis tíre Chanaain go dtabharfad isteach ann sibh, ná ní shiúlóidh sibh 'na reachtaibh. 4 Déanfaidh sibh mo bhreitheannasa, agus cimeádfaidh sibh m'aitheanta, agus siúlóidh sibh iontu. Is mise úr dTiarna Dia. 5 Cimeádaidh mo dhlithe agus mo bhreitheanna. An té a chimeádfaidh iad san mairfidh sé iontu. Mise an Tiarna.

6 Ní thiocfaidh aon duine i ngaire na mná atá gairid i ngaol do chun a náire do nochtadh. Mise an Tiarna. 7 Ná nocht náire t'athar, ná náire do mháthar. Is í do mháthair í. Ná nocht a náire. 8 Ná nocht náire mná t'athar: óir is é náire t'athar é. 9 Ná nocht náire do dhriféar ó athair ná ó mháthair, peocu amu' nú i mbaile do rugadh í. 10 Ná nocht náire iníne do mhic, ná iníne t'iníne, óir is é do náire féin é. 11 Ná nocht náire iníne mná t'athar, an iníon a rug sí do t'athair, agus gurb í do dhrifíur

eaglais naofa aspaltach amháin.

1 Véar. 10. "Má itheann sé fuil". Do choisc an dlí fuil a dh'ithe mar do chimeád Dia aige féin an fhuil chun go n-íbreófí ar an altóir í, agus 'na theannta san, chun í ' bheith 'na figiúir ar fhuil Chríost, agus, leis, chun gráin ar dhortadh fola do thabhairt do sna daoine.

Leabhar Leviticuis.

í. 12 Ná nocht náire drifiúr t'athar, óir is í feóil t'athar í. 13 Ná nocht náire drifiúr do mháthar, óir i sí feóil do mháthar í. 14 Ná nocht náire driothár t'athar, agus ná héirigh i ngaire a mhná, óir tá sí dlúite leat i gcóngas. 15 Ná nocht náire mná do mhic, óir is í bean do mhic í, agus ní nochtfair a náire. 16 Ná nocht náire mná do dhriothár, óir is é náire do dhriothár é. 17 Ná nocht náire do mhná agus a hiníne. Ná tóg iníon a mic ná iníon a hiníne, chun a náire do nochtadh, óir is iad a feóil iad, agus is col lánúnas den tsórd san. 18 Ná tóg drifiúr do mhná 'na striapach, 'na leannán os a cionn san, agus ná nocht a náire an fhaid is beó ise. 19 Ná héirigh i ngaire mná atá 'na huaithe, agus ná nocht a náire. 20 Ná luigh le mnaoi do chómharsan agus ná truaillítear thu le meascadh síl. 21 Ná tabhair aon chuid ded shíol le coisreacadh chun an íodail Moloch, agus ná truailligh ainm Dé: Mise an Tiarna. 22 Ná luigh le fear mar a luítear le mnaoi mar urghráin is ea é. 23 Ná dein lánúnas le haon bheithíoch, agus ná truaillítear thu leis. Ná luíodh bean do bheithíoch, agus ná deineadh sí lánúnas leis, óir is coir léanmhar¹ é. 24 Ná truaillídh sibh féin le haon ní de sna nithibh sin lena bhfuil truaillithe na geinte go léir seo do chaithfeadsa amach rómhaibh, 25 agus go bhfuil an tír truaillithe acu; agus go n-agróds a ngráinniúlachtaí orthu, i dtreo go n-úirliceoidh an tír a daoine amach aisti. 26 Cimeádaidhse mo reachtasa agus mo bhreitheanna agus ná deinidh aon chuid de sna gráinniúlachtaibh sin, éinne dúr muintir féin ná aon duine iasachta a bheidh a cónaí 'núr measc. 27 Óir táid na nithe déistíneacha san go léir déanta ag na daoine a bhí rómhaibh sa tír agus tá an tír salach acu. 28 Seachnadh, dá bhrí sin, agus ná huirlicíodh an tír sibhse, leis, amach aisti, má dheineann sibh an chéanna, fé mar a dh'úirlic sí amach an náisiún a bhí rómhaibh. 29 Gach aon anam a dhéanfaidh na nithe gráinniúla san ídeófar é a lár a dhaoine. 30 Cimeádaidh m'aitheanta. Ná deinidh na nithe a dhein an mhuintir a bhí rómhaibh, agus ná truaillítear sibh iontu. Is mise úr dTiarna Dia.

Caib. a Naoidéag

Reachta iolartha, cuid acu chun nósmhaireachta, cuid acu ceremónach nú breithiúnach.

1 Do labhair an Tiarna le Maois agus duairt sé: 2 Labhair le pobal clainne Israél uile agus abair leo: Bídhse naofa óir táimse, .i. úr dTiarna Dia, naofa. 3 Bíodh eagla ag gach duine roimhen' athair agus roimhena mháthair. Cimeádaidh mo shabóidí. Mise úr dTiarna Dia. 4 Ná hiompaídh chun íodal agus ná deinidh díbh féin déithe leachta. Is mise úr dTiarna Dia. 5 Má ofrálann sibh in íbirt ofráil síochána chun an Tiarna,* 6 ithidh é an lá céanna agus an lá 'na dhiaidh. Pé rud a bheidh fágtha go dtí an tríú lá deinidh é ' dhó le tine. 7 Má itheann éinne aon chuid de tar éis dhá lá beidh sé gan naofacht agus ciontach i neamhchráifeacht: 8 agus iompróidh sé a mhallaitheacht, óir tá sé tar éis ní naofa an Tiarna do thruailliú, agus ídeófar an t-anam san a lár a dhaoine.

9 Nuair a bheidh tú ag buaint arbhair do chod' thailimh ná géarr gach a bhfuil ar uachtar na talún síos go cré ar fad: agus ná bailigh na diasas a bhíonn fágtha. 10 Agus ná bailigh na crobhaingí caor a thiteann anuas i t'fhíonghort, ach fág ansan iad do sna daoinibh bochta agus do sna daoinibh iasachta le tógaint. Mise úr dTiarna Dia.

11 Ná dein guid. Ná dein bréag. Agus ná deineadh éinne feall ar a chómharsain. 12 Ná dein dearbhú éithigh dar m'ainm, agus ná maslaigh ainm do Dhia. Mise an Tiarna. 13 Ná cuir bréag ar do chómharsain, agus ná brúigh é le foiréigin. Tuarastal an té lenar réitís ná fanadh agat go maidin. 14 Ná labhair go hólca ar an mbodhar agus ná cuir ceap tuisle roimis an ndall. Ach bíodh eagla agat roimhe do Thiarna Dia, óir is mise an Tiarna.

1 Caib. 18. véar. 23. "Coir léanmhar". Tá san Éabhrais, in inead an fhocail sin "léanmhar", focal a chiallaíonn "náire", agus "aithis", agus "meascán mearaí", in éineacht, agus "gráin".

Leabhar Leviticuis.

15 Ná dein an ní is éagórtha, agus ná tabhair breith san éagóir. Ná féach chun pearsan an duine bhoicht, agus ná tabhair onóir do ghnúis an duine chómhachtaigh. Tabhair breith ar do chómharsain de réir cirt. 16 Ná bí ag cúlchainnt ná ag cogarnaigh i measc na ndaoine. Ná seasaimh in aghaidh fola do chómharsan. Mise an Tiarna. 17 Ná bíodh fuath agat id chroí dod dhriotháir. Ach imdhearg go hoscailte é sara mbeadh peaca ort mar gheall air. 18 Ná loirg díoltas agus ná bí ag cuímhneamh ar dhíobháil do chómharsan. Bíodh grá agat dod chara mara thu féin. Mise an Thiarna.

19 Cimeádaidh mo dhliithe. Ná cuir do bheithígh ag cómhriachtaint le beithígh de shaghas eile. Ná cuir síolta iolartha¹ id pháirc. Ná cuir umat ball éadaigh fite a dhá shagas. 20 Má chodlann duine i lánúnas le daormhnaoi, agus í ion-nuachair, ach gan í fuascailte fós le díolaíocht, ná saortha: sciúrsálfar an bheirt, ach ní curfar chun báis iad, toisc gan ise ' bheith 'na saormhnaoi. 21 Agus mar gheall ar a pheaca san ofrálfaidh sé reithe don Tiarna ag doras taibearnacail na fianaise; 22 agus guífídh an sagart air féin agus ar a pheaca os cómhair an Tiarna agus déanfaidh sé trócaire air agus maithfar an peaca.

23 Nuair a bheidh sibh tagaithe isteach sa talamh agus nuair a bheidh cranna toraidh curtha ann agaibh, tógfaidh sibh chun siúil a gcéadtorthaí². Beidh an toradh a thiocfaidh neamhghlan díbh agus ní íosfaidh sibh aon ní díobh. 24 Ach sa cheathrú bliain naomhófar a dtorthaí go léir chun molta an Tiarna, 25 agus an cúigiú bliain baileóid siad an bhreis torthaí agus íosfaid siad an bhreis. Is mise úr dTiarna Dia.

26 Ná hithidh le fuil. Ná deinidh fiosacht. Ná géillidh do thaibhrithibh. 27 Ná bearraidh úr ngruaig tímpallach, ná úr gcuid féasóige*. 28 Ná cuiridh aon ghearrthaíocha 'núr gcuid feóla ar son na marbh, agus ná deinidh ionaibh féin aon fhigiúirí ná aon mharcanna.* 29 Ná cuir t'iníon le striapachas, le heagla go truailleófi an tír agus go líonfi de mhallaitheacht í. 30 Cimeádaidh mo shabóidí agus onóraidh mo *shanctuárium*. Mise an Tiarna. 31 Ná himidh i leataoibh i ndiaidh draoitheadóirí, agus ná fiafraídh aon ní de lucht feasa chun go dtruailleóidís sibh. Mise an Tiarna.

32 Éirigh id sheasamh i láthair an chinn léith agus tabhair onóir do phearsain an duine aosta, agus glac eagla roimh do Thiarna Dia. Mise an Tiarna. 33 Má chónaíonn duine iasachta 'núr dtír agus go bhfanfaidh sé 'núr measc ná cáinidh é, 34 ach leogaidh do bheith eadraibh mar dhuine den tír chéanna. Tugaidh grá dho mar a thabharfadh sibh do dhuine agaibh féin; óir do bhíobhair féin iasachta i dtír na hÉigipte. Mise úr dTiarna Dia. 35 Ná deinidh aon ní éagórtha, i mbreithiúntas, ná i riail, ná i meáchaint, ná i dtómhas. 36 Bíodh an mheadh ceart, agus na meáchaintí cothrom, agus an buiséal ceart, agus an *sexarius* cothrom. Mise úr dTiarna Dia do thug amach sibh a tír na hÉigipte. 37 Cimeádaidh mo reachta go léir* agus deinidh iad. Is me an Tiarna.

Caib. a Fiche

Roinnt drochbheart do thuillfeadh bás.

1 Agus do labhair an Tiarna le Moais agus is ea aduairt: 2 Abair le claínn Israél: Má thugann aon fhear de chlaínn Israél, nú de sna daoineibh iasachta a chónaíonn in Israél, ní dá shíol don íodal

1 Caib. 19. véar. 19. “*Síolta iolartha*”. Téann an dlí sin chun daoine ' dhéanamh macánta díreach ins gach ní, agus a chur 'na luí orthu gan onóir eiriceach do mheascadh ar an onóir a thugaid siad don fhíor-Dhia.

2 Véar. 23. “*A gcéadtorthaí*”. “Tímpallghearradh”, de réir an fhocail. Ciallaíonn an focal go mbeadh na craínn, i gcaitheamh an chéad trí bliana, fé mar a bheidís gan tímpallghearradh agus a dtorthaí neamhghlan; go dtí, sa cheathrú bliain, go naomhófi a dtorthaí agus go dtabharfí don Tiarna iad, .i. do sna sagairt.

Moloch, curtar chun báis é. Gabhadh muíntir na tíre de chlochaibh ann. 3 Agus cuirfeadsa mo ghnúis 'na choinnibh, agus géarrfad amach é a lár a dhaoine, toisc gur thug sé ní dá shíol do Mholoch agus gur thruailligh se mo *shanctuárium* agus gur thug sé masla do m'ainm naofa. 4 Agus má dheinid muíntir na tíre neamhshuím de m'aithne agus má thugaid siad faillí ann, agus scaoileadh leis an bhfear a thug ní dá shíol do Mholoch, agus gan é ' mharú, 5 cuirfead mo ghnúis i gcoinnibh an fhir sin, agus i gcoinnibh a ghaolta agus géarrfad amach eisean agus gach duine a dhein aontú leis, chun drúise do dhéanamh le Moloch, a lár a ndaoine. 6 An t'anam d'iompóidh i leataoibh i ndiaidh luct draíochta agus lucht feasa, chun drúise do dhéanamh leó, cuirfead mo ghnúis i gcoinnibh an anama san agus ídeód é a lár a dhaoine. 7 Naomhaídh sibh féin agus bídh naofa óir is mise úr dTiarna Dia. 8 Cimeádaidh m'aitheanta agus deinidh iad. Is mise an Tiarna a dheineann sibh do naomhú. 9 An té ' dheineann eascaine ar a athair nú ar a mháthair curtar chun báis é. Dhein sé eascaine ar a athair agus ar a mháthair, bíodh a chuid fola air féin. 10 Má dheineann aon fhear adhaltranas le mnaoi fir eile agus go dtruailleóidh sé bean a chómharsan, curtar chun báis iad araon, idir adhaltranach fir agus adhaltranach mná. 11 Má dheineann duine lánúnas lena leasmháthair agus náire a athar do nochtadh, curtar iad araon chun báis: bíodh a gcuid fola orthu féin. 12 Má luíonn aon fhear le mnaoi a mhic curtar chun báis iad araon, óir tá coir léanmhar déanta acu; orthu féin bíodh a gcuid fola. 13 Má luíonn aon fhear le fear mar a luífeadh sé mnaoi tá gráinniúlacht déanta acu, curtar chun báis iad. Orthu bíodh a gcuid fola. 14 Má phósann fear an mháthair tar éis é do phósadh na hiníne tá coir léanmhar déanta aige, loiscfar 'na bheathaidh é in éineacht leó san, agus ní fhanfaidh gráin chómh holc 'núr measca. 15 An té ' dhéanfaidh cómhriachtaint le haon bheithíoch, nú le háirnéis, curtar chun báis é, agus maráítear an beithíoch, leis¹. 16 An bhean do luífeadh fé aon bheithíoch, marófar í féin agus an beithíoch. Orthu bíodh a gcuid fola. 17 Má thógann aon fhear a dhrifiúr, iníon a athair nú iníon a mháthair, agus go bhfeicfidh sé a náire agus go bhfeicfidh sise náire a driothár²

22 ... agus deinidh iad: le heagla, an tír go bhfuiltear chun dul isteach inti agus cónaí ' dhéanamh init, go n-úirliceóidh sí amach sibhse, leis. 23 Ná siúlaídh de réir dlíthe na náisiún a chaithfeadsa amach rómhaibh; óir do dheineadar na nithe sin go léir agus dá bhrí sin tá gráin agam orthu. 24 Ach libhse adeirim: Sealbhaídh a dtalamh san, a thabharfad díbh mar oidhreacht, talamh atá ag scéith le bainne agus le mil. Is mise úr dTiarna Dia atá tar éis sibh a dheighilt amach ó dhaoineibh eile. 25 Dá bhrí sin deinidhse, leis, an beithíoch glan do dheighilt ón mbeithíoch neamhghlan*. Ná truaillídh úr n-anamnacha le beithígh ná le héanlaithibh ná le haon nithibh atá ag corraí ar an dtalamh agus go bhfuil taispeánta agamsa dhíbh iad a bheith neamhghlan. 26 Caithfidh sibh bheith rónaofa chúmsa, óir táimse, an Tiarna, naofa, agus táim tar éis sibhse do dheighilt ó dhaoineibh eile, ionas go mba liom féin sibh.

27 An fear nú an bhean 'na bhfuil sprid putónach, nú sprid feasa, curtar chun báis iad. Caithfear gabháil de chlochaibh iontu: bíodh a gcuid fola orthu.

Caib. Dhá Dheich a hAon

Reachta i dtaobh na sagart.

1 Caib. 20. véar. 15. “An beithíoch, leis”. Chun breis seirithin agus fuatha ' thabhairt do dhaoine ar a leitheid de ghníomh ghráinniúil, agus i dtreo ná cuímeóidh daoine air.

2 There is a gap here. Page 498 in the manuscript.

Leabhar Leviticuis.

1 Duairt an Tiarna, leis, le Maois: Labhair leis na sagartaibh, le macaibh Aaroin, agus abair leó: Ná truaillítear³ sagart i mbás a dhaoine, 2 ach amháin 'na ghaoltaibh, agus iad i ngar do, .i. i dtaobh a athar agus a mháthar agus i dtaobh a mhic agus a iníne, agus i dtaobh a dhriothár, leis. 3 Agus i dtaobh a dhriféar óige, atá gan aon fhear a bheith aici. 4 Ach dá mba do phriúnsa a phobail é, ní dhéanfaidh sé dho aon ní do thruailleódh é. 5 Agus ní bheárrfaid siad a gceann, ná a gcuid féasóige, ná ní dhéanfaid siad géarrthaíocha 'na gcuid feóla. 6 Beid siad naofa dá nDia agus ní thabharfaid siad masla dá ainm, óir ofrálaid siad íbirt dhóite an Tiarna agus arán a nDia, agus dá bhrí sin beid siad naofa. 7 Ní thógfaid siad striapach mar mhnaoi ná méirdreach ghráinniúil, ná bean a díbreadh óna fear: ó táid sáid coisricthe chun a nDia, 8 agus go n-ofrálaid siad na bollóga fianaise. Bídis naofa dá bhrí sin, óir táimse, leis, naofa, .i. an Tiarna do naomhaíonn iad san. 9 Má beirtear ar inín sagairt i striapachas, agus ag cur masla ar ainm a hathar, loiscfar í le tine. 10 An t-árdshagart, .i. an sagart is aoirde i measc a bhráithre, gur doirteadh ar a cheann ola an úngtha, agus gur coisriceadh a lámha chun na sagartachta, agus gur éidíodh* é in sna héidibh beannaithe, ní nochfaidh sé a cheann ná ní stracfaidh sé a chuid éadaigh, 11 ná ní raghaidh sé isteach in aon chor chun aon duine marbh: dá athair féin ná dá mháthair, ní truaillíodh é. 12 Agus ní raghaidh sé amach as na háitibh beannaithe, le heagla go dtruaillíodh sé *sanctuárium* an Tiarna, óir tá ola úngtha bheannaithe a Dhia air. Mise an Tiarna. 13 Tógfaidh sé maighdean mar mhnaoi. 14 Ach bainntreach ní thógfaidh sé, ná bean a díbreadh, ná bean thruaillithe, ná striapach, ach maighdean dá dhaoine féin. 15 Ní mheascfaidh sé fine a ghaol ar thuaithe a dhaoine féin, óir is mise an Tiarna a naomhaíonn é.

16 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 17 Abair le hAaron, pé duine ded shliochtsa, ar feadh a dteaghlach, go bhfuil ainimh air ní ofrálfaidh sé arán dá Dhia; 18 ná ní thiocfaidh sé chuige ag ministráil do, más dall é, nú más bacach é, nú má tá srón bheag air, nú srón mhór, nú srón cham; 19 má bhíonn a chos briste, nú a lámh; 20 más dronnach é, nú brachshúileach, nú go bhfuil fionn ar a shúil, nú más buanghearbach é,* nú más madhm-sheicneach é. 21 Pé duine de shíol Aaroin go bhfuil ainimh air ní thiocfaidh sé chun íbirtí d'ofráil chun an Tiarna, ná chun aráin d'ofráil dá Dhia. 22 Íosfaidh sé, áfach, ní de sna bollógaibh a hofráltar sa *tsanctuárium*, 23 ach ná raghaidh sé laistigh den chaille, ná i ngar don altóir, óir tá ainimh air, agus caithfidh sé gan mo *shanctuárium* do thruailliú. Mise an Tiarna do naomhaíonn iad.

24 Dá bhrí sin do labhair Maois le hAaron agus lena mhacaibh agus le hIsraél go léir, na nithe a hórdaíodh do.

Caib. Dhá Dheich a Dó

Cé 'fhéadann na nithe naofa d'ithe: agus cad is féidir a dh'ofráil.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois, agus duairt sé: 2 Abair le hAaron agus lena mhacaibh aire ' thabhairt i dtaobh na nithe, le cláinn Israél, atá coisricthe, agus gan masla ' thabhairt d'ainm na nithe atá naomhaithe chúmsa, agus a dh'ofrálaid siad san. Mise an Tiarna. 3 Abair leó agus lena sliocht: Gach aon fhear dúr bhfinese, do thiocfaidh i ngar² do sna nithe seo atá coisricthe, agus gur ofráil clann Israél iad don Tiarna, agus go bhfuil ainimh air, gheóbhaidh sé bás i láthair an Tiarna. Mise an Tiarna. 4 An fear de shíol Aaroin atá 'na lobhar, nú ar a bhfuil rith síl, ní íosfaidh sé de sna nithibh seo atá naomhaithe chúmsa go dtí go leighisfar é. An té a bhainfidh le haon ní neamhghlan

3 Caib. 21. véar. 1. "Ná truaillítear", .i. An truailliú a deintear le corp do leogaint amach; nú le baint leis; nú le dul isteach sa tigh; nú le bheith sa tsochraid, &c, &c.

2 Caib. 22. véar. 3. "Thiocfaidh i ngar". Is chuige é sin, chun [a chur]* in úil dúinne cad é a ghlaine ba cheart dúinn ár n-anam a bheith againn nuair a thiocfaimís i ngar do Chorp Naofa an Tiarna, mar ná raibh in sna biathaibh úd ach figiúirí roim ré ar an gCorp Naofa.

Leabhar Leviticuis.

mar gheall ar mharbh; agus an té go mbíonn a chuid síl ag imeacht uaidh amhail i lánúnas; 5 agus an té a bhainfidh le rud snámhach, nó le haon rud neamhghlan go ndeineann baint leis truailliú, 6 beidh sé neamhghlan go dtí tráthnóna agus ní íosfaidh sé na nithe atá naomhaithe. Ach nuair a bheidh sé tar éis a chuid feóla do ní le huisce 7 agus go mbeidh an ghrian tar éis dul fé, ansan beidh sé glan agus íosfaidh sé de sna nithibh naomhaithe, mar sin é a bhia.

8 An rud a gheibheann bás uaidh féin, agus an rud gur rug beithíoch air, ní íosfaid siad é, ná ní truailléofar iad leis. Is mise an Tiarna. 9 Cimeádaidís mo reachta sara dtitfidís i bpeaca agus go bhfaighidís bás sa *tsanctuárium* nuair a bheidís tar éis é ' thruailliú. Is mise an Tiarna do naomhaíonn iad. 10 Ní íosfaidh aon duine iasachta de sna nithibh naomhaithe. Duine a bheidh ag tabhairt tréimhse ag na sagartaibh, nó seirbhíseach ar thuarastal, ní íosfaid siad díobh. 11 Ach an té atá ceannaithe ag an sagart, agus an té is seirbhíseach do agus do rugadh 'na thigh, íosfaid siad san díobh. 12 Má bhíonn iníon sagairt pósta ag duine den phobal ní íosfaidh sí de sna nithibh sin atá naomhaithe, ná de sna céadtorthaibh. 13 Ach más bainntreach í, nó bean díbeartha, agus go dtiocfaidh sí thar n-ais go tigh a hathar, agus gan aon chlann aici, íosfaidh sí de bhíathaibh a hathar mar ba ghnáth léi a dhéanamh nuair a bhí sí 'na maighdín; níl cead ag aon duine iasachta iad d'ithe. 14 An té a dh'íosfaidh de sna nithibh naomhaithe trí aineólas cuirfidh sé an cúigiú cuid lenar ith sé agus tabharfaidh sé don tsagart é isteach sa *tsanctuárium*. 15 Agus ní thuathóid siad nithe naofa clainne Israél d'ofrálaid siad don Tiarna, 16 le heagla go mbeadh orthu mallaitheacht a bpeaca nuair a bheidh na nithe naofa ite acu. Is mise an Tiarna do naomhaíonn iad.

17 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus duairt sé: 18 Labhair le hAaron agus lena mhacaibh agus le claínn Israél, agus abair leó: An fear de theaghlach Israél, agus an duine iasachta a chónaíonn agaibh, a dh'ofrálann a íbirt, ag díol a mhóide, nó ag ofráil uaidh féin, pé rud é a thugann sé uaidh mar *holocaust* don Tiarna, 19 chun go n-íbreódh sibhse é, bíodh sé fireann agus gan téimheal, de sna damhaibh nó de sna caoiribh nó de sna gabhraibh. 20 Má bhíonn téimheal air ná hofrálaidh é, agus ní bheidh sé taithneamhach. 21 An fear a dh'ofrálfaidh *victim* ofrála síochána, ag díol a mhóide nó ag ofráil uaidh féin, peocu de dhamhaibh é nó de chaoiribh, bíodh sé gan téimheal ionas go mbeadh sé taithneamhach. Ná bíodh aon ainimh air. 22 Má bhíonn sé dall, nó briste, nó má bhíonn méisce air, nó má bhíonn sé carrach*, nó má bhíonn cluig air, nó gearb, ná ofrálaidh* chun an Tiarna iad agus ná dóigh aon ní dhíobh ar altóir an Tiarna. 23 Damh nó caíora go bhfuil an chluas nú an t-eireaball géarrtha dhíobh féadfair iad d'ofráil uait féin, ach ní dleathach móid a dhíol leó. 24 Ní ofrálfair* don Tiarna aon bheithíoch go mbeid na tiarpáin brúite aige nó bascaithe, nó géarrtha agus bainte as, agus ní dhéanfair aon ní den tsórd san id thír. 25 Ní ofrálfair dod Dhia arán a láimh duine iasachta, ná aon ní eile dá dtabharfadh sé: óir táid siad go léir cuirpthe, truaillithe: ná glac* iad.

26 Agus do labhair an Tiarna le Maois, dhá rá: 27 Nuair a béarfar bullán, nó caíora, nó gabhar, beid siad seacht lá fé úth a máthar, ach an t-ochtú lá, agus as san amach, ní miste iad d'ofráil don Tiarna. 28 Peocu bó í nó caíora, ní hibreófar iad an lá do híbirtear a dtoircheasa. 29 Má íbreann tú *victim* chun baochais do ghabháil leis an dTiarna, ionas go mbeadh an Tiarna ceannsa dhuit, 30 íosfair é an lá céanna. Ní fágfar aon chuid de go dtí maidean an lae 'na dhiaidh san. Mise an Tiarna. 31 Cimeádaidh m'aitheanta agus deindeid iad. Mise an Tiarna. 32 Ná tugaidh masla dom ainm naofa, ionas go naomhófar me i lár clainne Israél. Mise an Tiarna do naomhaíonn sibhse, 33 agus do thug amach sibh a tír na hÉigipte, ionas go mbeinn im Dhia agaibh. Mise an Tiarna.

Caib. Dhá Dheich a Trí

Leabhar Leviticuis.

[Féileanna le cimeád]*

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus is ea aduairt: 2 Labhair le claínn Israél agus abair leó: Sid iad féileanna an Tiarna, agus glaofaidh sibh naofa orthu. 3 Sé lá a dhéanfaidh sibh obair. Glaofar lá naofa ar an seachtú lá, óir is é suaimhneas na sabóide é. Ní dhéanfaidh sibh aon obair an lá san. Is é sabóid an Tiarna é 'núr dtithibh go léir. 4 Agus sid iad leis laethanta beannaithe an Tiarna a bheidh le ceiliúradh agaibh 'na dtráthanna féin, 5 .i. an chéad mhí, an ceathrú lá déag den mhí, um thráthnóna, is é *pháse* an Tiarna é, 6 agus an cúigiú lá déag den mhí chéanna, is é féile aráin gan giost an Tiarna é. Ar feadh seacht lá a dh'íosfaidh sibh arán gan giost. 7 Beidh an chéad lá go rósholmanta agaibh agus go rónaofa. Ní dhéanfaidh sibh aon obair shaothraitheach an lá san: 8 ach ofrálfaidh sibh íbirt i dtine chun an Tiarna ar feadh seacht lá, agus beidh an seachtú lá níos solmanta agus níos naofa, agus ní dhéanfaidh [sibh]* aon obair shaothraitheach an lá san. 9 Agus do labhair an Tiarna le Maois, agus duairt sé: 10 Labhair le claínn Israél agus abair leó: Nuair a bheidh sibhse tar éis dul isteach sa tír a thabharfadsa dhíbh, agus nuair a bhainfidh sibh úr n-arbhar, tabharfaidh sibh punanna dias, ceadtorthaí úr bhfómhair, ag triall ar an sagart, 11 agus tógfaidh an sagart suas an phunann os cómhair an Tiarna, an chéad lá i ndiaidh na sabóide, ionas go nglacfí í ar úr son, agus naomhóidh sé í. 12 Agus an lá céanna do coisriceófar* an phunann marófar uan bliana, gan téimheal, mar *holocaust* don Tiarna. 13 Agus déanfar na hofrálacha dí mar aon leis; dhá dheachú plúir agus ola croite air, mar íbirt loiscithe chun an Tiarna, agus mar bhalaith róchúmhartha: agus ofrálacha dí d'fhíon, leis, an ceathrú cuid de *hin*. 14 Ní íosfaidh sibh arán ná grán rósta, ná gráinseachán, as an bhfómhar, go dtí an lá a dh'ofrálfaidh sibh ní dhe do úr nDia. Is reacht go deó é dúr sleachtaibh go léir, agus i measc úr dtithe go léir.

15 Cómhaireó' sibh, dá bhrí san, ón lá i ndiaidh na sabóide 'nar ofrálabhair an phunann céadtorthaí*, seacht seachtaine lána, 16 agus go dtí go mbeidh an lá tar éis na seachtú seachtaine caite, 'sé sin le rá, deich lá agus daichead; ansan ofrálfaidh sibh íbirt nua chun an Tiarna. 17 As úr dtithibh go léir, dhá bhollóg de sna céadtorthaíbh, de dhá dheachú de phlúr ghiostaithe, agus bÁCálfaidh sibh iad mar chéadtorthaí don Tiarna. 18 Agus ofrálfaidh sibh, mar aon leis na bollógaibh, seacht cinn d'uanaihb bliana gan téimheal (nú, gan mhácail), agus gamhain as an eallach agus dhá reithe, agus beid siad chun *holocaust*, mar aon lena n-ofrálachaibh dí, chun balaithe róchúmhartha chun an Tiarna. 19 Ofrálfaidh sibh, leis, pocán, mar gheall ar pheaca agus dhá uan bliana, chun íbirtí ofrálacha síochána. 20 Agus nuair a thógfaidh an sagart in áirde iad, mar aon leis na bollógaibh céadtorthaí os cómhair an Tiarna, titfid siad chun a úsaide sin. 21 Agus tabharfaidh sibh lá rósholmanta, rónaofa, ar an lá san. Ní dhéanfaidh sibh aon obair* an lá san. Beidh sé 'na reacht bhithbhuan 'núr dtithibh go léir agus 'núr sleachtaibh go léir.

22 Agus nuair a bhainfidh sibh arbhar úr gcod' tailimh ná gearraidh síos go talamh ar fad é, agus na bailidh na dias a fágтар. Fágaidh ann iad i gcómhair na mbocht agus i gcómhair na ndaoine iasachta. Mise úr dTiarna Dia.

23 Agus do labhair an Tiarna Dia* le Maois, agus is ea aduairt: 24 Abair le claínn Israél: An seachtú mí, an chéad lá den mhí, ciméadfaidh sibh 'na shabóid é, 'na chuímhneachán, le fuaim trúmpaí, agus gairmfar lá naofa dhe. 25 Ní dhéanfaidh sibh aon obair shaothraitheach, dá bhrí sin, agus íbreó' sibh *holocaust* chun an Tiarna.

26 Agus do labhair an Tiarna le Maois, dhá rá: 27 An deichiú lá den seachtú mí sin a bheidh lá an tsásaimh, beidh sé go rósholmanta, agus tabharfar lá naofa air. Agus déanfaidh sibh crá ar úr n-anamnachaibh an lá san, agus ofrálfaidh sibh *holocaust* chun an Tiarna. 28 Ní dhéanfaidh sibh aon

Leabhar Leviticuis.

obair shaothraitheach in aimsir an lae sin; mar is lá é chun ceannsaithe, ionas go gceannsófi úr dTiarna Dia dhíbh. 29 Gach anam ná beidh i ndólás an lá san ídeófar a lár a dhaoine é. 30 [Gach anam a dhéanfaidh aon obair ídeófar a lár a dhaoine é.]* 31 Dá bhrí sin ní dhéanfaidh sibh aon obair an lá san. Beidh sé 'na reacht bhithbhuan díbh 'núr sleachtaibh agus 'núr dtithibh. 32 Is sabóid suaimhnis é agus glacfaidh sibh dólás anama an naoú lá den mhí; ó thráthnóna go tráthnóna is ea do chimeádfaidh sibh úr sabóidí.

33 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus duairt sé: 34 Abair le claínn Israél: Ón gcúigiú lá déag den seachtú mí gcéanna san is ea do cimeádfar féile na dtaibearnacal seacht lá chun an Tiarna. 35 Glaofar rósholmanta agus rónaofa ar an gcéad lá. Ní dhéanfaidh sibh aon obair shaothraitheach an lá san. Agus íbreóidh sibh *holocauist* chun an Tiarna seacht lá. 36 Beidh an t-ochtú lá, leis, rósholmanta agus rónaofa agus íbreóidh sibh *holocauistí* chun an Tiarna, óir is é lá na gcuinnithe agus na gcómhthionól é. Ní dhéanfaidh sibh aon obair shaothraitheach ann.

37 Sin iad féileanna an Tiarna ar a dtabharfaidh sibh rósholmanta agus rónaofa, agus ar a n-ofrálfaidh sibh íbirtí agus *holocauistí* chun an Tiarna, agus ofrálacha dí de réir gnáis gach lae; 38 lasmu' de shabóidibh an Tiarna, agus dúr mbronntanaisibh, agus de sna nithibh d'ofrálann sibh trí mhóid, nú a thugann sibh don Tiarna lenúr dtoil féin. 39 Mar sin ón gcúigiú lá déag den seachtú mí, nuair a bheid torthaí úr gcod' talún go léir bailithe isteach agaibh, ceiliúrfaidh sibh féile an Tiarna seacht lá. Beidh an chéad lá agus an t-ochtú lá 'na shabóid, .i. 'na lá suaimhnis. 40 Agus glacfidh sibh chúibh an chéad lá torthaí an chraínn is áille agus craobhacha pailme agus géaga dlúthchrann agus saileacha ón sruth, agus déanfaidh sibh gáirdeachas os cómhair úr dTiarna Dia. 41 Agus cimeádfaidh sibh a solmantacht san seacht lá sa mbliain. Beidh sé 'na reacht bhithbhuan* 'núr sleachtaibh. Sa seachtú mí a dhéanfaidh sibh an fhéile sin do cheiliúradh. 42 Agus déanfaidh sibh cónaí i mbothaibh seacht lá: gach duine de chine Israél déanfaidh sé cónaí i dtaibearnacalaibh; 43 ionas go mbeidh ' fhios ag úr sliocht gur chuireas-sa ' fhéachaint ar chlaínn Israél cónaí i dtaibearnacalaibh nuair a thugas amach iad a tír na hÉigipte; Is mise úr dTiarna Dia. 44 [Agus do labhair Maois i dtaobh féileanna an Tiarna le claínn Israél.]*

Caib. Dhá Dheich a Ceathair

An ola do sna lóchrannaibh. Na bollóga fianaise. Pionós ar dhiamhasla.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois agus duairt sé: 2 Tabhair órdú do chlaínn Israél go tabharfaidís chút an oile olachrann is glaine agus is soíllsí, chun na lóchrann do chimeád ar lasadh i gcónaí, 3 lasmu' de chaille na fianaise, i dtaibearnacal na connartha. Agus socróidh Aaron iad ó thráthnóna go maidin os cómhair an Tiarna, de réir friothálaimh agus gnáis bhithbhuan 'núr sleachtaibh. 4 Curfar iad ar choínnleóir fhíorghlan os cómhair an Tiarna, de ghnáth.

5 Glacfir, leis, plúr mín agus bÁCálfair dhá bhollóig dhéag de, agus beidh dhá dheachú ins gach bollóig díobh, 6 agus cuirfir iad, a sé agus a sé, ar aghaidh a chéile, ar bhórd fhíorghlan i bhfianaise an Tiarna, 7 agus cuirfir orthu an tuis is glaine, ionas go mbeidh an t-arán mar chuímhne ar ofráil an Tiarna. 8 Athrófar iad gach sabóid i bhfianaise an Tiarna, iad dá nglacadh ó chlaínn Israél fé chonnradh bhithbhuan. 9 Agus beid siad ag Aaron agus ag á chlaínn, i dtreó go n-íosfaid siad iad san áit naofa; óir is *sanctum sanctorum** é d'íbirtíbh an Tiarna fé cheart bhithbhuan.

10 Agus féach, do ghluais amach mac mná Israélítí, mac a bhí aici le fear Éigipteach, i measc clainne Israél, agus d'éirigh aighneas idir é agus fear de chlaínn Israél, 11 agus thug sé diamhasla

Leabhar Leviticuis.

don ainm agus bhí sé ag eascaí air, agus do tugadh i láthair Mhaoise é*. 12 Agus do cuireadh i bpríosún go dtí go mbeadh ' fhios cad d'órdódh an Tiarna. 13 Agus do labhair an Tiarna le Maois 14 dhá rá: Beirtear amach an diamhaslóir lasmu' den longphort, agus na daoine a bhí ag éisteacht leis cuiridís a lámha ar a cheann agus gabhadh na daoine de chlochaibh ann. 15 Agus labhairse le claínn Israél: An fear a dhéanfaidh eascaine ar a Dhia fuiliceóidh sé a pheaca. 16 Agus an té do dhiamhaslóidh ainm Dé básaítear chun báis é. Geóbhaidh an pobal go léir de chlochaibh ann, bíodh sé iasachta nú a mhalairt*. An té ' mhaslóidh ainm an Tiarna básaítear é chun báis. 17 An té ' bhuaifidh agus ' mharóidh duine básaítear é chun báis. 18 An té a mharóidh beithíoch déanfaidh sé leórghníomh ann, .i. tabharfaidh sé beithíoch ar bheithíoch. 19 An té ' chuirfidh máchail ar aon duine dá chómharsanaibh, déanfar leis mar atá déanta aige: 20 briseadh ar bhriseadh: súil ar shúil, fiacal ar fhiacail, is ea do thabharfaidh sé. An mháchail a chuir sé sin í an mháchail a curfar air. 21 An té a bhuaifidh beithíoch tabharfaidh sé uaidh ceann eile. An té a bhuaifidh duine curfar pionós air. 22 Bíodh cómhbreith eadraibh, peocu duine iasachta nú duine dúchais a dheineann an choir; óir is mise úr dTiarna Dia. 23 Agus do labhair Maois le claínn Israél agus do rugadar amach lasmu' den longphort an fear a dhein diamhasla agus ghabhadar de chlochaibh ann agus dhein clann Israél mar a bhí órdaithe ag an dTiarna dhóibh*.

Caib. Dhá Dheich a Cúig

Dlí na seachtú bliana iúbilee agus na caogadú bliana iúbilee.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois ar chnuc Sinaí, agus is ea aduairt: 2 Labhair le claínn Israél agus abair leo: Nuair a bheidh sibh tar éis dul isteach sa tír a thabharfadsa dhíbh, cimeád* sabóid an Tiarna. 3 Ar feadh sé mbliain bí ag cur síl id pháirc agus i gcaitheamh sé mbliain bí ag bearradh t'fhíonghuirt agus ag bailiú a thortaí. 4 An an seachtú bliain beidh ag an dtalamh sabóid suaimhis an Tiarna. Ní chuirfí síol id thalamh ná ní bheárrfair t'fhíonghort. 5 An rud a thabharfaidh an talamh, uaidh féin, ní bhainfí é: ná ní bhaileóir caora na gcéadtorthaí, mar fhómhair fíona, óir is bliain suaimhnis í don talamh. 6 Ach beid siad 'na mbia agat féin agus ageat fhear tuarastail* agus ageat chailín aimsire agus ageat fhear aimsire, agus ag na daoineibh iasachta a chaitheann tréimhse agat. 7 Beidh gach ní a dh'fhásann 'na bhia ageat bheithíochaibh agat ageat eallach.

8 Áireóir, leis, chút seacht seachtaine de bhlianaibh, 'sé sin le rá, a seacht fó sheacht, .i. cheithre dheich a naoi de bhlianaibh: 9 agus séidfir an trúmpa sa seachtú mí, an deichiú lá den mhí, an uair a bheidh an ceannsóid id thír go léir. 10 Agus naomhóir an caogadú bliain, agus fogróir maitheamh¹ do mhuíntir do thíre go léir, óir is í blian an *iúbilee* í. Fíllfidh gach duine chun a shealúis, agus raghaidh gach éinne thar n-ais chun a chéad mhuíntire, 11 óir is é an *iúbilee* é agus an caogadú bliain. Ní chuirfí síol, ná ní bhainfí na nithe a dh'fhásann sa pháirc uathu féin, ná ní bhaileóir céadtorthaí na bhfíniún, 12 mar gheall ar naomhú an *iúbilee*, ach fé mar a dh'fhásaid siad íosfí iad láithreach.

13 I mbliain an *iúbilee* fíllfidh gach éinne chun a shealúis. 14 Nuair a bheidh rud agat dá dhíol led chómharsain nú nuair a bheir ag ceannach ruda uaidh ná cuir gruaim ar do bhráthair, ach ceannaigh uaidh de réir uimhre na mbliain ón *iúbilee*, 15 agus díolfaidh seisean leat de réir áirimh na dtorthaí. 16 Dá mhéid blianta a bheidh fágtha tar éis an *iúbilee* is ea is mó a mhéadóidh an luach: agus dá laíod aimsir a cóimhairítear is ea is lú a bheidh le díol as an gceannach: óir díolfaidh sé aimsir na dtorthaí leat. 17 Ná cuiridh buaireamh ar úr gcómhthreabhaigh, ach bíodh eagla ar gach duine roimena* Dhia, óir is mise úr dTiarna Dia. 18 Deinidh mo reachta, agus cimeádaidh mo

1 Caib. 25. véar. 10. "Maitheamh", .i. fuascailt choiteann ó fhiachaibh agus ó dhaoirse, agus seilbh á tabhairt arís do gach éinne' **na raibh aige** ar dtúis.

Leabhar Leviticuis.

bhreitheanna, agus cómhlíonaidh iad, ionas go mairfeadh [sibh]* sa tír gan aon eagla ' bheith oraibh, 19 agus go dtabharfadh an talamh a thortaí dhíbh, agus go n-íosfadh sibh úr ndóthain díobh gan eagla go dtiocfadh éinne ag cur isteach oraibh.

20 Ach má deireann sibh: Cad d'íosfaimíd an seachtú bliain mura gcuirimíd síol agus mura mbailimid torthaí? 21 Tabharfadsa mo bheannacht díbh an séú bliain agus tabharfaidh sí cion trí mbliain de thorthaibh. 22 Agus cuirfidh sibh síol an t-ochtú bliain agus beidh sibh ag ithe na seanathorthaí go dtí an naomhú bliain: beidh sibh ag ithe na seanathorthaí go dtí go bhfásfaid na torthaí nua.

23 Agus an talamh, leis, ní go dtó a díolfar é: óir is liomsa an talamh, agus eachtrannaigh is ea sibhse agam, agus lucht tréimhse ' chaitheamh. 24 Dá bhrí sin, an talamh go léir a bheidh 'núr seilbhse is fé choinníoll fuascalta a bheidh sé agaibh. 25 Má dhíolann do bhráthair a shealús beag, toisc é ' thitim chun dealúis, agus gur toil lena dhuine mhúinteartha é, ní bheidh bac air an rud a dhíol seisean a dh'fhuascailt. 26 Ach mura bhfuil aon duine mhúinteartha aige, agus go bhféadfaidh sé féin an luach a dh'fháil chun é ' dh'fhuascailt, 27 áireófar an méid ab fhiú na torthaí ón uair a dhíol sé é agus tabharfaidh sé an farasbárr don cheannaitheóir, agus mar sin gheóbhaidh sé a shealús thar n-ais. 28 Ach mura féidir leis a lámh do chur ar shlí chun an luacha do dhíol beidh an rud a cheannaigh sé ag an gceannaí go dtí bliain an *iúbílee*. Óir, gach ní a díoladh raghaidh sé thar n-ais an bhliain sin chun an té go mba leis é, agus chun an tseanashealbhadóra.

29 An té a dhíolfaidh tigh lastigh d'fhallaibh cathrach beidh neart do an tigh a dh'fhuascailt go dtí go mbeidh aon bhliain amháin caite. 30 Mura bhfuasclaidh sé é, agus go mbeidh an bhliain iomlán caite ar fad, beidh sé ag an gceannaí agus ag á shliocht go deó, agus ní bheidh cumas ar é ' dh'fhuascailt bliain an *iúbílee* féin. 31 Ach más is sráidbhaile gan fallaí a bhíonn an tigh, díolfar é de réir na dlí céanna do bhaineann leis na páirceannaibh. Raghaidh sé thar n-ais chun an té gur leis [é]* i mbliain an *iúbílee* mura bhfuascaltar é roimis sin.

32 Beidh neart i gcónaí ar thithibh na Levíteach a dh'fhuascailt, istigh i gcathair. 33 Mura bhfuascaltar iad raghaid siad thar n-ais chun an té gur leis iad i mbliain an *iúbílee*, mar is dá sealúsaibh i measc clainne Israél tithe cathrach na Levíteach, 34 ach ná díoltar a *suburba* óir is sealús bithbhuan é.

35 Má bhíonn do bhráthair titithe i ndealús agus lag agus go nglacfair 'na dhuine iasachta é, agus chun tréimhse ' chaitheamh, agus go mbeidh sé 'na chónaí agat, 36 ná bain iúncamas de, ná breis agus ar thugais do. Bíodh eagla roimh do Dhia ort i dtreo go gcónóidh do bhráthair agat. 37 Ná tabhair do chuid airgid ar iúncamas do, agus ná bain aon bhreis torthaí dhe. 38 Mise úr dTiarna Dia do thug amach sibh a tír na hÉigipte ionas go dtabharfainn díbh tír Chanaain agus go mbeinn im Dhia agaibh. 39 Má dhíolann do bhráthair é féin leat, trí ghéire dealúis, ná dein foiréigin air le seirbhís daoraicme; 40 ach bíodh sé in' fhear tuarastail agat agus 'na thréimhseach. Bíodh sé ag obair duit go dtí bliain an *iúbílee*. 41 Ansan imeóidh sé amach, é féin agus a chlann, agus fillfidh sé chun a mhúintire agus chun sealúis a shínsear. 42 Óir is iad mo sheribhísighse iad, agus do thugas amach iad a tír na hÉigipte: ná díoltar 'na ndaoraibh iad. 43 Ná cráigh le neart é, ach bíodh eagla roimhe do Dhia ort. 44 Bíodh do dhaorfheara agus do dhaormhná as na náisiúin atá móirthímpall ort, 45 agus as na daoine iasachta do thugann tréimhse agat, nú do rugann uathu san id thír. Bídís sin agat mar dhaoraicme, 46 agus fág iad ageat shliocht, fé cheart oidhreachta, le sealbhú go deó. Ach ná dein foiréigean ar do bhráithribh, ar chlaínn Israél, le neart. 47 Má neartaíonn lámh duine iasachta, nú láimh tréimhsigh, 'núr measc agus, trí ghéire dealúis, go ndíolfaidh do bhráthair é féin

Leabhar Leviticuis.

leis n  le duine d  threibh, 48 beidh ceadaithe, tar  is a dh olta,     dh'fhuascailt. F adfaidh  inne d  bhr ithribh, gur toil leis  ,     dh'fhuascailt, 49 a  ncail n  mac a  ncail, n  gaol fola dho, n  c ngais. Ach m  bh onn ar a chumas f in     dh anamh, leis, f adfaidh a dh anamh, 50 ag c mhaireamh na mblian  n mbliain a d oladh   go dt  bliain an *i bilee*, agus ag c mhaireamh an airgid ar ar d oladh   de r ir uimhre na mblian agus de r ir  ireamh seirbh isigh tuarastail. 51 M  bh onn m r n blian f gtha go dt  an i bilee is d  r ir sin a dh olfaidh s  thar n-ais an luach. 52 M  bh onn beag n, d anfaidh s  an t- ireamh, leis, de r ir uimhre na mblian agus d olfaidh s  leis an gceanna  a bhfuil f gtha de sna bliantaibh 53 agus l mh lfar do a thuarastal as a bhfuil caite dh obh aige ag d anamh seirbh ise. N  deineadh s  cr  dian air os do ch mhair. 54 Agus mura f idir     dh'fhuascailt mar sin, ime idh s  f in agus a chlann amach i mbliain an *i bilee*. 55  ir is iad mo sheirbh isighse clann Isra el, (an chlann) a thugas amach a t r na h igipte.

Caib. Dh  Dheich a S 

Geall na   Dhia don mhu ntir a chime dann aitheanta D . Agus na pion is  iolartha do bhagrann Dia ar lucht na n-aitheanta do bhriseadh.

1 Mise  r dTiarna Dia: N  deimidh d bh f in aon  odal, n  aon rud snoite, agus n  cuiridh polla   na seasamh, n  aon chloch neamhchoitianta,  n r gcuid tailimh, chun     dh'adhradh:  ir is mise  r dTiarna Dia. 2 Cime daidh mo shab id , agus on raidh mo *shanctu rium*: mise an Tiarna. 3 M  shi lann sibh im reachtaibh agus m  chime dann sibh m'aitheanta, agus iad do dh anamh, tabharfadsa fearthainn d bh in sna tr thannaibh c ra. 4 Agus tabharfaidh an talamh uaidh a bhreis, agus beid na cra nn l n de thoradh. 5 Leanfaidh bualadh  r bhf mhair go dt  f mhar an fh ona dh bh, agus sroisfidh f mhar an fh ona go haimsir an ts il do chur: agus  osfaidh sibh  r mbia chun s saimh, agus mairfidh sibh gan eagla  n r dt r. 6 Tabharfad s och in  n r ger ochaibh. Codl idh sibh agus n  bheidh  inne chun eagla   chur oraibh. T gfaidh chun si il drochbheithigh, agus n  thiocfaidh an cla omh thar  r dte rannaibh. 7 Leanfidh sibh ar th ir  r namhad agus titfid siad r mhaibh. 8 Beidh c igear d r ndaoine ar th ir c ad eachtrannach, agus c ad agaibhse ar th ir deich m le. Titfid  r namhaid leis an gcla omh os  r gc mhair. 9 F achfadsa oraibh agus cuirfead i m id sibh. Iomad far sibh agus socr d mo chonradh libh. 10  osfaidh sibh an chuid is sine den tseanast r, agus, ar theacht an nua caithfidh sibh uaibh an sean.

11 Cuirfead mo thaibearnacal  n r l r agus n  chaithfidh m'anam uaidh sibh. 12 Si lfad  n r measc agus beadh im Dhia agaibh agus beidh sibhse  n r bpobal agam. 13 Is me  r dTiarna Dia do thug amach sibh a t r na n igipteach, ionas n  beadh sibh ag seirbh is d ibh, agus do bhris* slabhra   r muine l i dtre  go ngluaise dh sibh  n r seasamh d reach.

14 Ach mara n- istfidh sibh liom agus mara ndeimidh sibh m'aitheanta go l ir; 15 m  thugann sibh tarcaisne dom dhlithibh, agus m  chuireann sibh neamhshu im im breitheannaibh agus gan na nithe at   rdaithe agam do dh anamh, agus mo chonradh do chur ar neamhn : 16 d anfadsa na nithe seo libhse: tiocfad ch ibh go hobann le deal s; agus le teas ag loscadh do mh illfidh  r s ile agus do thraochfaidh  r n-anamnacha. Is in aistear a chuirfidh sibh  r s ol mar  osfaidh  r namhaid  . 17 Cuirfead mo ghn is  n r gcoinnibh agus titfidh sibh ar l r os c mhair  r namhad agus beidh sibh f  smacht acu san a thugann fuath dh bh, agus beidh sibh ag teitheadh agus gan  inne ar  r dt ir. 18 Agus tar  is an m id sin f in m  dhi lta onn sibh do bheith  mhal dom, d anfad a sheacht n-oiread san de sci rs il oraibh mar gheall ar  r bpeacaibh, 19 agus brisfead an t-uabhar agus an stailc ionaibh agus d anfad an sp ir os  r gcionn mar   bheadh iarainn agus an talamh mar a bheadh pr s. 20 Beidh  r saothar in aistear. N  thabharfaidh an talamh toradh uaidh agus n  thabharfaidh na

Leabhar Leviticuis.

craínn a dtorthaí. 21 Má shiúlaíonn sibh im aghaidh agus gan éisteacht liom méadóid na pláigeanna oraibh fó sheacht, mar gheall ar úr bpeacaibh, 22 agus cuirfead beithígh an mhachaire chúibh chun sibh d'ídiú agus chun úr stuic d'ídiú agus chun úr n-uimhre do chur i laíod agus chun go mbeidh úr mbóithre uaigneach. 23 Agus mara ndéinidh sibh úr leas an uair sin féin, ach bheith ag gabháil im choinnibh fós, 24 geóbhadsa 'núr gcoinnibhse, leis, agus buailfead sibh seacht n-uaire mar gheall ar úr bpeacaibh. 25 Agus tabharfad isteach oraibh an claíomh a dhéanfaidh díoltas mar gheall ar mo chonradh. Agus nuair a rithfidh sibh isteach in sna cathrachaibh cuirfead an phláig 'núr measc agus tabharfar sibh isteach i lámhaibh úr namhad, 26 nuair a bheidh taca úr n-aráin briste agamsa, i dtreó go mbeid deichniúr ban ag bácáil as aon bhácús amháin agus dhá thabhairt amach de réir mheáchaint, agus go mbeidh sibh ag ithe, agus gan úr ndóthain agaibh.

27 Ach mara n-éistidh sibh liom tar éis an méid sin go léir ach bheith ag gabháil im choinnibh, 28 geóbhadsa, leis, 'núr gcoinnibhse go fíochmhar agus sciúrsálfad sibh le seacht bpláigibh, mar gheall ar úr bpeacaibh, 29 i dtreó go mbeidh sibh ag ithe feóla úr mac agus úr n-iníon. 30 Ídeóid úr n-áiteanna árda agus brisfead úr n-íodail. Titfidh sibh i lár brúscair úr n-íodal agus beidh gráin ag m'anam oraibh, 31 chómh mór san go dtabharfad úr gcathracha chun fiantais agus go ndéanfad uaigneas dúr *sanctuária* agus ná glacfad a thuilleadh úr mbalaithí cúmharta. 32 Agus millfead úr dtír, agus beidh uathás ar úr namhaid mar gheall air nuair a bheid siad 'na gcónaí ann. 33 Scaipfead sibh i measc na ngeinte agus tarraiceóid an claíomh 'núr ndiaidh, agus beidh úr dtír in' uaigneas* agus beid úr gcathracha ídithe. 34 An uair sin is ea ' bheidh a sabóidí féin ag an dtír i gcaitheamh laethanta a n-uaignis*: nuair a beidh sibhse 35 i dtír úr namhad cimeádfaidh sise a sabóidí, agus beidh suaimhneas aici i sabóidibh a huaignis, óir níor dhein sí suaimhneas 'núr sabóidibhse nuair a bhíobhair 'núr gcónaí inti.

36 Agus i dtaobh an méid a bheidh fágtha dhíbh, cuirfead eagla 'na gcroithibh i dtíorthaibh a namhad. Cuirfidh foghrán bileóige ag imeacht le gaoith scanradh orthu agus teithfid siad mar ' theithfidís ón gclaíomh. Beid siad ag titim agus gan éinne ar a dtóir, 37 agus beid siad ag titim, gach duine ar a bhráithribh mar ' bheidís ag teitheadh ó chogaibh, ní léomhfaidh aon duine agaibh seasamh in aghaidh namhad. 38 Beidh íde oraibh i measc na nGeinte agus díisceóidh tír namhad sibh. 39 Agus má fágfar roinnt díobh san féin raghaid siad ar feó 'na mallaitheachtaibh i dtír a namhad agus beidh pionós orthu mar gheall ar pheacaibh a n-athrach agus mar gheall ar a bpeacaibh féin. 40 Go dtí go n-admhóid siad a ndrochbhearta agus drochbhearta a sínsear, lenar dheineadar iomarbhas im choinnibhse agus lenar shiúlaíodar im aghaidh. 41 Dá bhrí sin siúlódsá, leis, 'na gcoinnibh sin agus tabharfad isteach iad i measc a namhad* go dtí go mbeidh náire ar a n-aighe neamhthímpeallgheárrtha. Ansan a bheid siad ag guí mar gheall ar a bpeacaibh. 42 Agus cuímhneódsá ar mo chonradh, a dheineas le Iácob agus le hIsaac agus le Ábraham. Cuímhneóid, leis, ar an dtír, 43 an tír a shealbhóidh le háthas a sabóidí nuair a bheidh sí fágtha acu san, ag fulag uaignis mar gheall orthu san. Ach beid siad ag guí mar gheall ar a bpeacaibh, toisc gur dhiúltaíodar dom breitheannaibh agus gur dheineadar neamhshuím dem dhlithibh. 44 Ach 'na dhiaidh san is uile, nuair a bhíodar i dtír a namhad níor theilgeas uaim ar fad iad ná níor thugas de dhrochmheas dóibh go n-ídeóifí ar fad iad agus go gcuirfinn ar neamhní an conradh a dheineas leó. Óir is me a dTiarna Dia. 45 Agus cuímhneóid ar an gconradh a dheineas leó ar dtúis nuair a thugas amach iad i radharc a namhad a tír na hÉigipte, chun go mbeinn im Dhia acu. Mise an Tiarna.

Sin iad na breitheanna, agus na reachta, agus na dlithe, do thug an Tiarna uaidh, idir é féin agus clann Israel ar chnuc Sinaí, trí lámh Mhaoise.

Caib. Dhá Dheich a Seacht

Leabhar Leviticuis.

Móide agus deachú.

1 Agus do labhair an Tiarna le Maois á rá: 2 Labhair le claínn Israél, agus is ea adéarfair leo: An fear go mbeadh móid déanta aige agus a anam geallta aige do Dhia, tabharfaidh sé an luch de réir mar a measfar. 3 Más fear é ó fhichid bliain d'aois go trí fichid tabharfaidh sé caogad *sicil* airgid, de réir meáchainte an *tsanctúariuim*. 4 Más bean í, tríochad. 5 Ach ón gcúigiú bliain go dtí an fichiú bliain, tabharfaidh fear fiche *sicil* uaidh agus tabharfaidh bean deich *sicil* uaithi. 6 Ó aon mhí amháin go dtí an cúigiú bliain tabharfar chúig *shicil* ar fhireann agus trí *shicil* ar bhaineann. 7 An fear a bheidh trí fichid bliain d'aois nú os a chionn, tabharfaidh sé chúig *shicil* dhéag uaidh. An bhean a bheidh trí fhicid bliain nú os a chionn tabharfaidh sí deich *shicil* uaithi. 8 Más duine dealbh é agus gan ar a chumas an meas do thabhairt uaidh, seasóidh sé os cómhair an tsagairt agus pé méid a mheasfaidh an sagart do, agus do chífidh sé a bheith ar a chumas tabharfaidh sé uaidh an méid sin.

